

Is ámharaich an mac mé

Insíonn Fergus, Carolyn, John, Debbie agus Marianne a scéalta féin...

Ag obair le chéile ar son leas ár geustaiméirí

CLÁR

Bord na Stiúrthóirí	4
Torthaí Comparáideacha agus Graif	6
Athbheithniú an Chathaoirligh	8
Athbheithniú na nOibríochtaí	16
Foireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin	30
Tuarascáil na Stiúrthóirí	34
Tuarascáil na nIníochóirí	38
Cuntais	41

BORD NA STIÚRTHÓIRÍ



Bernard Collins
Cathaoirleach

Tá Bernard Collins ina Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin ar Lifemed Consulting Limited. Fuair sé B.A. le hOnóracha i dTionsclaíocht Síceolaíochta Fheidhmeach/Gnó ó Choláiste na hOllscoile Corcaigh, Éire. Tá sé gníomhach mar chomhalta boird ag a lán comhlachas eile, ina measc The American Chamber of Commerce, Irish Medical Devices Association agus forais eile a ainmnítear ag an rialtas. (*)



Ms Patricia Ennis B.Arch. F.R.I.A.I.
Bainisteoir Stiúrtha,
Kildare Architects Ltd. (#)



Mr Kevin Moynihan F.C.A.
Príomhaí, Kevin G Moynihan & Co. Chartered Accountants. Cathaoirleach, Killarney Technology Innovation Centre 2003-2004, Cathaoirleach, Cumann Lucht Tráchtála na hÉireann – Coiste Cánachais 1993/95. Cathaoirleach, Reigiún an Deiscirt, Cumann Lucht Tráchtála na hÉireann 1992/93. Uachtarán, Cumann Lucht Tráchtála Chill Airne 1991/93.



Mr Pat Farrell M.M.I.I.
Príomh-Fheidhmeannach,
Cónaidhm Bhaincírí Éireann.
Cathaoirleach, an Coiste Iniúchta. (#)



Mr Humphrey Murphy
Bainisteoir Stiúrtha, Global Stainless Ltd., Ball den Bhord Stiúrtha, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, 1997-2000, 2000-2003, 2004 go dtí seo. Cathaoirleach, Coiste Iniúchta Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, 2000-2003, Cathaoir an Ghrúpa Bainistíochta Riosca. Ball de Chumann Lucht Tráchtála Chorcaí. Iarbhall den Bhord Comhairleach Trádála Náisiúnta. Iar-Chathaoirleach ar Reigiún Chorcaí den SFA. (*)



Ms Gillian Bowler F.M.I.I., F.Mgt.I.
Cathaoirleach, Budget Travel Ltd.
Cathaoirleach, Fáilte Ireland. Cathaoirleach, Irish Life and Pemanent Plc. Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach, Grafton Group. Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach, Clear Channel Ireland. Comhalta boird, Michael Smurfit Graduate School of Business, Coláiste na hOllscoile, BÁC. Comhalta boird, Social Innovations Ireland. Comhalta, Coiste Feidhmiúcháin Institiúid na Stiúrthóirí. (*)

(#) ball den Choiste Iniúchta

(*) ball den Choiste Luacha Saothair



Mr Liam Twohig B.Comm. F.C.A.

Comhpháirtí Bainistíochta, Baker Tilly O'Hare, Cuntasóirí Cairte agus Comhairligh Ghnó. Iar-Uachtarán, German-Irish Chamber of Industry and Commerce. Comhalta, Institiúid Chuntasóirí Cairte na hÉireann, Coiste Achomharc Smachta. (#)



Mr Joseph O'Leary F.C.C.A.

Comhpháirtí – Patrick McNamara & Associates (Corcaigh), Iniúchóirí, Cuntasóirí agus Comhairleoirí Cánach. Iar-Chomhalta de Chomhairle Náisiúnta na nDámhachtainí Oideachais (N.C.E.A.). Uachtarán, Reigiún na hÉireann, Comhlachas Cairte na gCuntasóirí Deimhnithe (A.C.C.A) 1994/95. Iar-Chomhalta, Reigiún na hÉireann, Feidhmeannas Chomhlachas Cairte na gCuntasóirí Deimhnithe.



Mr Phil Flynn

Cathaoirleach, ICC Investment Bank Limited. Cathaoirleach, Bank of Scotland (Irl). Cathaoirleach, Ballyfermot Partnership Company Ltd. Stiúrthóir, Coláiste Náisiúnta na hÉireann. Stiúrthóir, Harcourt Developments Ltd. Stiúrthóir, P. Elliot & Company Ltd. Stiúrthóir, Capital Route Private Hire Ltd.



Mr Christy Cooney

Máistir san Oideachas Leas-Phríomhstiúrthóir, FÁS. Stiúrthóir, Páirc an Chrócaigh Teoranta. Ball, an Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin. Cathaoirleach, Comhairle CLG 2001-2003.


TORTHAÍ COMPARÁIDEACHA AGUS GRAIF

TORTHAÍ COMPARÁIDEACHA					
	2000	2001	2002	2003	2004
	€'000s	€'000s	€'000s	€'000s	€'000s
Préimh thuillte	489,257	548,059	596,594	687,583	802,992
Éilimh tharraingthe	422,532	471,370	520,502	595,169	663,324
Cúlchiste Rioscaí Neamhchaite	-	-	15,279	19,871	15,641
Speansais oibriúcháin	36,683	64,904	57,782	58,095	66,322
Toradh Infheistíochta	(133)	24,931	15,864	24,684	13,980
Táille cánachais	7,506	8,557	4,189	5,308	9,379
Barrachas don bhliain	22,403	28,159	14,706	33,824	62,306
Cóimheas Barrachas / Ioncam	4.6%	5.1%	2.5%	4.9%	7.8%
Cúlchistí	139,038	167,200	181,907	215,732	278,038
Íos-sócmhainneacht	91,688	98,901	107,240	120,860	135,053
Cóimheas Airgeadais	%	%	%	%	%
*Leibhéal corrlach sócmhainneachta	28.4	30.5	30.5	31.4	34.6
Éilimh mar % de phréimh thuillte	86.4	86.0	89.8	89.4	84.6
Speansais oibriúcháin mar % de phréimh thuillte	7.5	11.8	9.7	8.4	8.3

*Tá an leibhéal corrlach sócmhainneachta, mar a thaispeántear thuas áirithe de réir forálacha Rialacháin Neamh-Shaoil an AE, 1976, nach gá don Bhord Árachais Sláinte Shaorálaigh déanamh dá réir faoi láthair.


Déanann an Bord a dhícheall chun leibhéal corrlach sócmhainneachta cothrom le 40% den bpréimh thuillte a bhaint amach, rud atá measta ag comhlachtaí árachais tráchtála ina leibhéal cúí.

**BARRACHAS GLAN MAR %
DEN PHRÉIMH THUILLTE**




Tá an barrachas thar 5% cionroinnte chun ráta méaduithe na préimhe a laghdú ag 1 Meán Fómhair 2004.


**BARRACHAIS GLAN AN BHAILL
= €40**




COIBHNEAS NA N-ÉILEAMH




CÓIMHEAS CÚLCHISTÍ



**SPEANSAIS OIBRÍOCHA MAR %
DEN PHRÉIMH THUILLTE**



**FÁS BALLRAÍOCHTA:
STAIR 46 MBLIANA**





ATHBHREITHNIÚ AN CHATHAOIRLIGH

RÉAMHRÁ

Bhí an bhliain dár críoch 29 Feabhra 2004 milis agus searbh araon ar mhórán bealaí. Ó thaobh dhearfach de, ghníomhaigh Vhi Cúram Sláinte go han-éifeachtach. Don tríú bliain as a chéile, laghdaíodh an cóimheas costais oibríoch; bhí costais na n-éileamh go mór faoin mbuiséad; seoladh táirgí nuálacha nua; agus tuairiscíodh ardú beag i líon na mball. Chuir na fachtóirí seo go léir le feabhsú ar an mbarrachas i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

D'ainneoin an mhéid seo, tá amhras fós ann faoi conas mar a sheasfaidh an gnó go fadtéarmach. Seacht mbliana ó ceadaíodh iomaíocht sa mhargadh, chomhlíon an Rialtas a gcinneadh polasaí fadseasmach ar deireadh, agus chuir siad Comhionannú Riosca i bhfeidhm, ó 1 Iúil 2003. Ach thug an Rialtas an fhreagracht i leith a mholadh go ndéanfaí iocaíochtaí Comhionannaithe Riosca don Údarás Árachais Sláinte. I ndiaidh a gcéad athbhreithniú ar thorthaí na sé mhí chuig 31 Nollaig 2003, chinn an tÚÁS gan tionscnamh Chomhionannú Riosca a mholadh.

Gan Comhionannú Riosca sa mhargadh iomaíoch pobalráitithe seo, níl faic gur féidir leis an mBord ná le lucht bainistíochta a dhéanamh chun inmharthanacht fadtéarmach an ghnó a chinntiú. Ní hé an Vhi amháin atá i gcontúirt, ach an córas pobalrátúcháin, a d'fhreastail chomh maith ar phobal na hÉireann le 47 bliana anuas. Tá na focail seo roghnaithe go cúramach agam agus dá bhrí sin braithim nach bhfuil aon dul as agam ach déileáil i dtosach agus go mion leis an gceist ghéibheannach seo maidir le Comhionannú Riosca.

COMHIONANNÚ RIOSCA

Croí-lár cheist an Chomhionannaithe Riosca ná coimhlint bhunúsach idir an polasaí sóisialta i leith Pobalrátúcháin agus an polasaí eacnamaíochta i leith iomaíochta. Is é an Pobalrátúchán atá mar bhunús leis an gcóras chistiú

árachais in Éirinn. Is é is brí leis ná go ndíolann gach duine an phréimh chéanna, is cuma faoi aois, inscne ná sláinte. Tá córas árachais sláinte pobalráitithe na hÉireann mar chúis éada timpeall na cruinne toisc a chothromaíocht. Ní hionann is córais eile, mar a n-ardaítear do phréimh de réir mar a théann tú in aois nó má éiríonn tú breoite, séard a tharlaíonn i gcás pobalrátúcháin ná go ndíolann gach aon duine an méid céanna gan difríochtaí aoise, inscne ná sláinte a chur san áireamh. Tá sé ar acmhainn daoine na préimheanna a íoc ar feadh a saoil toisc go gcuirtear gustal gach éinne le chéile, idir óg agus aosta, breoite agus sláintiúil.

Thug rialtais na hÉireann as a chéile tacaíocht i gcónaí do phrionsabal an phobalráitithe toisc go bhfuil sé ar leas an ghnáthphobail. Sa Pháipéar Bán ar Árachas Sláinte Príobháideach (1999), dúirt an tAire Sláinte ag an am:

"Tá sé le sonrú gurb í an chomhpháirtíocht idirghlúna atá i gcroílár an phobalráitithe in Éirinn is cúis leis go bhfuil árachas ar a n-acmhainn siúd (i.e. daoine aosta agus othair ainsealacha) nach mbeadh in ann an costas a dhíol murach é."

Ach más ea, tá an Pobalrátúchán leis féin neamhiomaíoch agus ní oibríonn sé i gceart ach i margadh monaplachta. Ar an taobh eile de, is spríoc eacnamaíoch tábhachtach í an iomaíocht. Ba chóir go soláthródh sí praghsanna níos fearr don chustaiméir, breis rogha agus níos mó éifeachtachta.

An dúshlán ná a chinntiú gur féidir na hidéil chontrártha úd, an Pobalrátúchán agus an iomaíocht, a chur ag obair go h-éifeachtach in aon mhargadh. An modh oibre a cheadaíonn dó seo tarlúint ná Comhionannú Riosca. Gan Comhionannú Riosca le seacht mbliana anuas, tá an méid seo a leanas tarlaithe i margadh an árachais sláinte in Éirinn:

- Ní féidir Pobalrátúchán a chur i bhfeidhm i ngach cuid den mhargadh..
- Níl iomaíocht ar fáil i ngach cuid den mhargadh .i. níl sí dírithe faoi láthair ach ar na haoisghrúpaí óga.
- Tá praghas an árachais sláinte níos airde ná mar ba chóir.
- Tá comhlacht amháin ag saothrú brabúis amhantair mhóra agus dá bhrí sin tá tomhaltóirí na hÉireann ag tabhairt fóirdheontais do chostas an árachais sláinte i Sasana.
- Tá bac ar tháirgí nua a fhorbairt.

Ó tháinig iomaíocht i margadh pobalráitithe an Árachais Sláinte in Éirinn i 1996, bhí ar Vhi Cúram Sláinte cinneadh criticiúil a dhéanamh ag gach pointe praghsála, i.e. cé acu fíorphréimh phobalráitithe a ghearradh ar a bhaill, nó préimheanna a phraghsáil chun cobhsaíocht airgeadais an ghnó - agus dá réir, cobhsaíocht an mhargaidh - a dhaingniú. Ar gach ócáid acu le seacht mbliana anuas, chinn Vhi Cúram Sláinte praghsáil ar son cobhsaíochta agus dá bharr sin shéanamar a lán de bhuntáistí an Phobalráitithe ar ár mbaill. Go dtí seo, ní raibh an cinneadh seo inghlactha ach amháin ar an mbonn go raibh polasaí seasmhach an Rialtais i bhfabhar Comhionannaithe Riosca i rith an ama seo, agus ceapadh nach raibh le déanamh ach fanacht tamall go réiteofaí fadhbanna maorlathais agus rialacháin i mBaile Átha Cliath agus sa Bhruiséal, ionas go gceadófaí an margadh a thabhairt chun rialtacha.

Athraíonn breith an ÚÁS an tuiscint seo ar an todhchaí go hiomlán. Ní féidir cosaint a thabhairt a thuilleadh ar phraghas atá de bhreis ar fhíorphraghas pobalráitithe ar bhaill Vhi Cúram Sláinte. Gan Comhionannú Riosca, is é an toradh a bheadh ar a leithéid de phraghas a ghearradh, maidir le sreabhadh airgid thirim do Vhi Cúram Sláinte, ná eis-sreabhadh airgid thirim ghlan don bhliain go dtí 28

Feabhra 2006 agus sna blianta dár gcionn, go dtí go mbeadh na cúlchistí airgid iomlána ídithe i gcaitheamh beagán blianta.

Tá an Bord ag tabhairt aghaidh ar choimhlint nach féidir a réiteach. An dtabharfaimid cosaint do chobhsaíocht an ghnó (agus an mhargaidh) agus fíorphréimheanna pobalráitithe a shéanadh ar ár mbaill, nó an ngearrfaimid an praghas ar ár mbaill a bhfuil siad ina theideal i margadh phobalráitithe? Tá cinneadh déanta againn go n-athróimid an polasaí praghsála a leanamar go dtí seo, nuair a bheidh an chéad athbhreithniú praghsais eile ann ar 1 Meán Fómhair 2004, agus go dtionscnóimid préimh atá bunaithe gi fírinneach ar phobalrátú.

Toradh eile ar an margadh pobalráitithe gan Comhionannú Riosca ná go mbíonn an iomaíocht go léir dírithe ar an aos óg laistigh den mhargadh. Níl éinne san iomaíocht le Vhi Cúram Sláinte i measc na n-aoisghrúpaí níos sine, nach bhfuil an brabach céanna le baint astu. Tá go leor fianaise ann a léireodh gurb í an straitéis atá ag ár n-iomaitheoir ná 100% den 25% úd den mhargadh, a bhaineann leis na haoisghrúpaí óga ard-bhrabúis, a bhaint amach, seachas 25% d'iomlán an mhargaidh. Gan Comhionannú Riosca, tá spreagadh agus luach saothair as cuimse ar fáil ón straitéis idirdhealaithe seo.

Ní féidir a bhréagnú (i bhfianaise corrlach brabúis ár n-iomaitheoirí agus ollbhoilsniú ar chostais) go bhfuil méadú costais ar an tomhaltóir toisc an tslí ar ceadáíodh don iomaíocht forbairt laistigh de mhargadh an árachais sláinte in Éirinn. Toisc an buntáiste mór praghsais don chomhlacht atá dírithe ar aoisghrúpaí óga, níl aon rud á ngríosadh maidir le héifeachtacht a gcostas ná eile. A mhalairt sin, tá straitéis acu a bpragsanna a shocrú díreach faoi leibhéal praghsais Vhi Cúram Sláinte, agus tá réir, tá ar chumas ár n-iomaitheora brabúis amhantar

ollmhóra a shaothrú, ar chostas thomhaltóir na hÉireann agus mhargadh an árachais sláinte in Éirinn.

Chun é a thuiscint ina cheart, tá sé measta gur thuill ár n-iomaitheoir níos mó airgid in Éirinn sa bhliain 2002 ó 282,000 custaiméirí ná mar a thuill Vhi ó 1.5 milliún! Ní de dheasca dea-éifeachtúlachta é seo, ach go deimhin a mhalairt ar fad a bhí i gceist. An chúis ghlan, shimplí leis ná próifíl a mballraíochta, atá óg go díréireach, agus dá bharr sin, a bhfuil a gcuid éileamh níos lú agus níos ísle.

Creidimid go láidir, diongbháilte go ndearna an tÚdarás faillí nuair nár cuireadh i ngníomh an Comhionannú Riosca, faillí sa dualgas ar an Údarás a chinntiú go mbeadh margadh pobalráitithe inbhuanaithe agus iomaíoch in Éirinn.

Mar fhocal scoir faoin gceannteideal seo, tá sé scanrúil ach b'fhéidir nach ábhar iontais é, gur thug an tÚÁS suntas ina dtuarascáil den 28 Aibreán 2004, nár líon gach árachóir na tuairisceáin isteach ar an mbonn a d'iarr siad agus gurbh é a thoradh seo ná nach raibh na tuairisceáin a comhdaíodh de réir a chéile. Agus iad sa tóir ar bhrabúis amhantair ó mhargadh an árachais shláinte, tá ár n-iomaitheoir taréis cur in aghaidh Rialtas na hÉireann ag leibhéal Coimisiún na hEorpa; tá siad ag tabhairt cáis in aghaidh Coimisiún na hEorpa i gCúirt Chéad Achomhairc na hEorpa; agus is cosúil nach bhfuil siad ag comhoibriú leis an Údarás um Árachas Sláinte in Éirinn. Nuair atá seo ar siúl, tá costais árachas sláinte in Éirinn níos airde ná ba chóir dóibh agus tá ár gcóras Pobalráitíochta iontaofa, fadbhunaithe á chur i mbaol.

Ba mhaith liom díriú anois ar cheisteanna tábhachtacha eile a bhaineann lenár ngnó.

ÉAGSÚLÚ

Tá sé le feiceáil ónár dtaighde margaidh go bhfuil an t-árachas sláinte traidisiúnta, a bhfuil 50% den mhargadh aige, ina mhargadh aibí nach mbeidh ach fás teoranta air feasta. Is cosúil go mbeidh a thuilleadh iomaitheoirí sa mhargadh amach anseo, agus rachaidh sin i bhfeidhm ar ár gcumas chun méadú ar ár scair den mhargadh. Gné bhunúsach dár straitéis ghnó ná go bhfuil sé riachtanach dúinn éagsúlú a dhéanamh ar raon ár dtáirgí.

Mar chuid den straitéis seo, tá tionscnaimh áirithe ar bun againn cheana, msh.:

- Vhi Domhanda – an táirge árachais sláinte dóibh siúd atá lonnaithe i gcéin ar feadh tréimhsí fada;
- Vhi Céimeanna Sláinte – an táirge árachais sláinte a chuireann cumhdach ar fáil do sholáthróirí bunchúraim, msh dochtúirí teaghlaigh, fisiteiripeoir &rl; agus
- Vhi Réitigh Chorparáideacha – seirbhísí atá dírithe ar an margadh Corparáideach, agus Sláinte Cheirde san áireamh (i rith na bliana d'osclaíomar áras Sláinte Cheirde ar Bhóthar Nása), Cláir Chúnaimh d'Fhostaithe, agus Scéimeanna Suirbhé Foirne san áireamh.

Tá áthas orm a thuairisciú go raibh fás leanúnach ar na táirgí agus ar na seirbhísí seo go léir i rith na bliana.

I mí Feabhra 2004, sheolamar Ilturais ó Vhi Cúram Sláinte, an chéad fhiontar againn i réimse neamh-leighis. Thug an táirge nuálach seo coigiltis mhóra ar chostais don mhargadh san árachas taistil bhliantúil atá ag méadú. D'éirigh thar barr leis an táirge seo agus tá sé ag mealladh 500 custaiméir sa ló. Sa chéad trí mhí, sháraíomar ar an leibhéal díolacháin ab fhearr a bhí á theilgean againn don chéad bhliain!

Agus an t-athbhreithniú seo á scríobh agam, tá árachas Vhi DeCare Fiacla seolta againn. Seo raon de thrí phlean árachais fiacla atá á thabhairt ar an margadh in Éirinn againn, mar chomhfhiontar le mór-árachóir fiacla ó na Stáit Aontaithe, DeCare Idirnáisiúnta.

Tá táirgí agus seirbhísí eile á bhforbairt againn, nó ag dul faoi mhionanailís. Tá sé pleanáilte a thuilleadh acu a sheoladh sa bhliain 2005 agus sna blianta dár gcionn. Ar a shon sin, tá an-srian ar ár straitéis éagúlaithe toisc ár stádas corparáideach.

SAOIRSE TRÁCHTÁLA

Mar fhoras reachtúil atá ag feidhmiú san earnáil phoiblí, tá stádas corparáideach Vhi Cúram Sláinte faoi láthair ag cur bac ar ár ndul chun cinn maidir leis an mbunghnó agus lenár straitéis éagsúlaithe araon. Ní foláir dúinn ceadú a fháil roimh ré ón Aire Sláinte agus Leanaí i leith gach athrú praghsála, feabhsú táirgí, nuálaíocht i dtáirgí nua agus forbairtí &rl. Tá míbhuntáiste cinnte ann do Vhi Cúram Sláinte ón easpa solúbthachta seo, i gcomparáid lenár n-íomaitheoirí atá saor chun na rialacháin a thuiscint dóibh féin agus gníomhú gan mhoill. Bhuail Vhi Cúram Sláinte leis an t-Aire i rith na bliana chun struchtúr corparáideach Vhi Cúram Sláinte sa todhchaí a phlé leis. Tá áthas orm a rá gur aontaigh an tAire moltaí a chur faoi bhráid an Rialtais chun Vhi Cúram Sláinte a ionchorprú. Séard a bheidh i gceist leis seo ná go mbeidh an Vhi mar chomhlacht faoi úinéireacht an Stáit feasta, seachas a bheith ina Fhoras Reachtúil. Níl an reachtaíocht chun é seo a dhéanamh casta ach toisc an brú ó riachtanais ghéibheannacha eile i leith reachtaíochta laistigh den Roinn, ní dócha go mbeidh an reachtaíocht seo achtaithe go dtí Earrach 2005.

Cé go dtuigimid an brú atá ar an Roinn, fós tá Vhi Cúram Sláinte an-bhuartha faoin mhoill is léir a bheith ann sula

reachtófaí na hathruithe riachtanacha seo. Tá an easpa saoirse tráchtála a ghabhann leis an struchtúr corparáideach faoi láthair ag cur bac tromchúiseach ar bhainistíocht straitéiseach an ghnó.

TIONSCNAIMH SHRIANADH COSTAIS

Tuigeann Vhi Cúram Sláinte go maith gur gá costais a choimeád faoi smacht agus táimid ag obair le soláthróirí chun costais a laghdú. Choimeádamar árdú táillí do chomhairleoirí leighis ar aon dul leis an gcomhaontú tuarastail náisiúnta le deich mbliana anuas. Cinntíonn Pacáistí Praghais Sheasta go bhfuil méadú i gcónaí ar an líon gnáthamh leighis a déantar sna hionaid is oiriúnaí, de réir na gcleachtaí is fearr. Shábháil sé seo breis agus €128 milliún ar ár mbaill anuraidh amháin. Tá an nós ag fás ar fud an domhain breis seirbhísí a sholáthar ar bhonn cúram lae agus ní aon eisceacht í Éire sa mhéid sin. Ó 2003/2004, is in ionaid chúraim lae a cuireadh ar fáil beagnach 63% de na héilimh a dhíol Vhi Cúram Sláinte. Táimid ag obair go seasta leis na soláthróirí chun an fad a chaitheann duine mar othar cónaitheach a laghdú agus chun an líon gnáthamh leighis ar bhonn cúram lae a mhéadú. Ón bhfómhar seo caite, tá Ospidéal Shráid Sheandúin, Corcaigh, ar an gcéad Ionad Cúram Lae aonair, formheasta ag Vhi Cúram Sláinte, a chuireann cóir leighis máinliach/diagnóiseach ar fáil do bhaill Vhi Cúram Sláinte, i mórilmistéar Chorcaí. Sábháiltear costas mór ar Vhi Cúram Sláinte ag soláthar breise dá shórt seo i gcás ionad cúram lae, agus cinntítear dá réir go bhfaigheann ár mbaill cúram sláinte nua-aimseartha den scoth ar an mbealach is cuí.

Tionscnamh sábhála costais eile a fógraíodh i rith na bliana ná an comhaontú chun cóireáil radaiteiripe a sholáthar mar chúram lae d'othair le hailse. Sábhálfaidh an tionscnamh seo idir €150 go €2,000 d'othair, ag brath ar

shuíomh na sceachaille agus ar an saghas cóireála is gá dóibh, rud a thógann idir 15 agus 35 seisiún radaiteiripe. Sábháiltear costais mhóra do bhaill Vhi mar go bhfreastalaíonn ochtar i ngach deichniúr othar ar bhonn cúram lae cheana féin. Faoi láthair, táimid ag scrúdú conas eile is féidir linn sábháil chostais eile a chur i gcrích, agus sinn ag obair i bpáirt lenár soláthróirí seirbhíse iomadúla.

AN BORD

Ceapadh mé mar Chathaoirleach ar an mBord Árachais Sláinte Shaorálaigh i lár na bliana toisc an cinneadh a rinne an tUasal Derry Hussey a bhí ann romham éirí as an bpost a chomhlíon sé go díograiseach agus go sciliúil ó mhí na Márta 1997. Bhí an tUas. Hussey sa Chathaoir i gcaitheamh tréimhse tréanfháis don Vhi, nuair a tháinig méadú de 134,000 duine ar an mballraíocht ón uair ar ceapadh é. I rith an ama sin, chruthaigh an tUas. Hussey go sáréifeachtach mar Chathaoirleach ar chomhlacht a bhí idir dhá thráth agus rinne sé maoirseacht ar fhorbairt Vhi mar chomhlacht atá go maith in inmhe aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sa saol iomaíoch ina mairimid. Chuaigh a chuid oibre go mór fada chun tairbhe is chun ratha do Vhi Cúram Sláinte.

Ba mhaith liom a chur in iúl freisin an meas mór atá agam ar iarchomhalta den Bhord, Suzanne Kelly, as an gcion mór suntasach a rinne sí i gcaitheamh dhá théarma oifige. Ceapadh an tUas. Kelly ar dtús i mí Bealtaine 1993 ar feadh cúig bliana, agus athcheapadh í i mí Mheán Fómhair 1998 ar feadh téarma cúig bliana eile.

Ar deireadh ba mhaith liom buíochas a bhreith le mo chomhleacaithe ar an mBord as an tacaíocht agus an ionchur luachmhar uathu i gcaitheamh na tréimhse atá á athbhreithniú, agus ba mhaith liom fáilte speisialta a chur roimh ár gcomhalta nua, An tUas. Christopher Cooney atá in oifig ó mhí Feabhra 2004.

GRÚPAÍ COMHAIRLEACHA

Baineann Vhi Cúram Sláinte tairbhe ollmhór ón tacaíocht a chuireann dhá choiste gan íocaíocht ar fáil. Is iad seo Comhairle Chomhairleach na mBall agus an Grúpa Comhairleach Míochaine. Cuireann an dá ghrúpa seo sainchomhairle agus cumarsáid ar fáil ar chúrsaí a bhfuil tionchar díreach acu ar an soláthar a dhéanaimid agus ar an bhfeabhas a chuirimid ar ár seirbhísí dár mbaill. Tá a n-ionchur suntasach i leith riaradh an ghnó agus ba mhaith liom buíochas a ghábhail leo as a gcabhair i rith na bliana.

BAINISTÍOCHT AGUS FOIREANN

Ba mhaith liom ómós is aitheantas a thabhairt do ghairmiúlacht agus do dhílseacht fhostaithe uile Vhi ar fud na hÉireann. Tá a ról i leith seirbhís ardchaighdeán a shóláthar dár gcustaiméirí lárnach don rath atá is a bheidh feasta ar ár ngnó. Níl aon amhras orm ach go leanfaidh ár mbainistíocht agus ár bhfoireann ar aghaidh ag soláthar seirbhíse agus tacaíochta ar an gcaighdeán is fearr dár mbaill, mar atá le tuiscint ón ainm Vhi Cúram Sláinte. Ba mhaith liom meas agus buíochas an Bhoird as an méid seo a chur ar taifead.

ÓMÓIS

Ba mhaith liom go háirithe aitheantas a thabhairt don mhéid a rinne beirt bhall foirne, an tUas. John O'Dowd agus an tUas. Greg Foley, a d'éag i rith na bliana. Roinnimid ár gcomhbhrón croí lena gclanna, lena gcairde agus lena gcomhleacaithe i Vhi Cúram Sláinte. Suaimhneas síoraí dá n-anamacha.

AN TODHCHAÍ

Ó thaobh oibriúcháin de, bhí rath mór ar an tréimhse 2003/2004, a bhuíochas sin don scil, don fhís agus do

diongbháilteacht a léirigh an Bord, an Bhainistíocht agus Foirne Vhi Cúram Sláinte. Fiú gan bliain amháin caite agam mar Chathaoirleach ar an mBord, feictear dom go bhfuil an comhlacht suite go maith chun déileáil leis na coinníollacha oibriúcháin deacra atá romhainn.

Mar sin féin, tá todhchaí fadtéarmach an Vhi ag brath orthu siúd a bhfuil sé de chúram orthu Comhionannú Riosca a chur i bhfeidhm. Gan Comhionannú Riosca tá sé deacair a bheith dóchasach faoi thodhchaí airgeadais na heagraíochta ná faoina bhfuil i ndán don Phobalrátú in Éirinn.

Mar a dúirt mé níos luaithe, beidh an chéad mhéadú préimhe eile i mí Mheán Fómhair le cistiú don gcuid is mó as na cúlchistí mar gur dóigh le Vhi go bhfuil sé éagórach iarraidh ar ár mbaill fóirdheontais leanúnacha a thabairt ar son brabús amhantair iomaitheoirí. Go fadtéarmach, ní féidir an laghdú seo a chothabháil ach amháin má iompaíonn an tÚdaras um Árachas Sláinte a gcinneadh, má chuireann na Cúirteanna iachall orthu é sin a dhéanamh, nó má dhíolann an Rialtas an costas maoinithe ar phobalrátú.

Is é an dearcadh atá ag an mBord, ag an mBainistíocht agus ag Foirne Vhi Cúram Sláinte ná go bhfuilimid ag obair go príomha chun freastal ar leas ár mball. Agus sinn ag obair ar bhonn gan brabús a dhéanamh, táimid aireach gur chuir na baill acmhainní iomlána an ghnó ar fáil, agus i rith tréimhse staire uilig an chomhlachta bhíomar féinmhaoinithe go hiomlán. Ní gá a rá go bhfuil ár dtuiscintí, ár dtuairimí agus ár mbearta go léir faoi stiúir agus ar scáth riachtanais ár mball.



Bernard Collins
Cathaoirleach

scéal a dó

Is ámharaich an mac mé. Fágann mo chuid oibre mar innealltóir go mbím lonnaithe in áiteanna fíor-iargúlta ar uairibh. Bhí mé ag plé le scéimeanna tógála bóithre i dtíortha atá i mbéal forbartha ar fud Oirdheisceart na hAise.

"Is ámharaich an mac mé. Fágann mo chuid oibre mar innealltóir go mbím lonnaithe in áiteanna fíor-iargúlta ar uairibh. Bhí mé ag plé le scéimeanna tógála bóithre i dtíortha atá i mbéal forbartha ar fud Oirdheisceart na hAise.

Go luath i mí na Nollag 2002 tharla dom i gceantar scoite den Chambóid. Bhí gluaisrothar ceannaithe agam chun cabhrú liom taisteal timpeall ar an tír ollmhór seo. Níl cuimhne ghlan agam ar an méid a tharla ach d'fhág mé fhéin agus an gluaisrothar slán le chéile ar bhóthar uaigneach in aice le baile beag. Tamall gearr ina dhiaidh sin, tháinig duine áitiúil orm agus mé sínte ar an mbóthar, gan aithne gan urlabhra toisc gortaithe cinn tromchúiseacha.

Chuir an duine fios ar dhochtúir áitiúil a d'aithin go raibh cóireáil ospidéil uaim go práinneach ionas go mbeadh seans agam

teacht slán. An dtuigeann tú, níl na dea-áiseanna ospidéil a ndéanaimidne talamh slán díobh ar fáil go coitianta sa chuid sin den domhan. Tháinig an dochtúir ar chárta beag i mo vallait a raibh uimhir ghutháin éigeandála air do Vhi Domhanda – an t-árachas sláinte a bhí socraithe agam leis an Vhi in Éirinn sula ndeachaigh mé go dtí an Chambóid. Agus Béarla an-bhriste aige, mhínigh an dochtúir don oibrítheoir go raibh tionóisc tarlaithe dom ach go raibh mé na mílte ón ospidéal ba ghairne nó d'aon áiseanna sláinte cearta, agus gur bhraith sé go raibh scan le déanamh orm go práinneach mar go raibh mé ag dul in olcas.

Shocruigh an té a bhí le Vhi Domhanda ar an taobh thall den ghlaio gutháin go dtuirlingeodh dochtúir le Béarla agus aer-otharcharr sa sráid bhaile an lá céanna, agus tógadh mé go dtí an t-ospidéal ba ghairne a raibh áiseanna scantha nua-aimseartha ann – trasna na teorann i mBangkok, sa Téalainn.

Thaispeáin an scan go raibh mo chloigeann briste agus chaith mé cúpla seachtaine faoi dhianchúram sula raibh biseach go leor orm chun go scaoilfí liom imeacht. Rinne an comhlacht árachais monatóireacht ar mo dhul chun cinn gach uile lá, agus bhí siad i dteangmháil leis an ospidéal agus liom féin chun a chinntiú go raibh aire mhaith á tabhairt dom. Bhí siad ar fheabhas ar fad.

Táim tagtha chugam féin ó shin agus bhí mé láidir agus folláin mo dhóthain chun aistriú go Kandahar san Afganastáin, áit a bhfuilim ag obair ar thionscadal bóthair eile. Mar a dúirt mé – is ámharaich an mac mé."

FERGUS GLEESON



ATHBHREITHNIÚ NA N-OIBRÍOCHTAÍ

RÉAMHRÁ

Ó thaobh gníomhaíochtaí gnó de, d'éirigh go han-mhaith le Vhi Cúram Sláinte i rith na bliana dár críoch Feabhra 2004: seoladh táirgí éagsúla nua, feabhsaíodh líon agus mianach na seirbhísí dár mbaill, méadaíodh ar an mbarrachas, laghdaíodh arís ar chóimheas na gcostas feidhmiúcháin, agus neartaíodh ár gcúlchistí go suntasach.

Tá rioscaí móra ag baint lenár ngnó, áfach, faoi dhá cheannteideal:

1. Pobalrátúchán agus Riosca Comhionannaithe

Ní féidir leis an Vhi Cúram Sláinte fíorphraghas pobalrátaithe a chur i bhfeidhm dá chuid ball agus cobhsaíocht airgeadais a choimeád, gan Comhionannú Riosca i bhfeidhm. Tá na rioscaí atá ann dá bharr seo chomh mór gur tharraing na hlniúcháirí aird orthu le linn a dtuarascála do na Stiúrthóirí ar na cuntais.

2. Stádas Corparáideach agus Saoirse Tráchtála

Tá margadh an árachais sláinte in Éirinn fásta go pointe gur féidir margadh aibí a thabhairt air anois. Dá bhrí sin is straitéis fhíorphráinneach í an t-éagsúlú gnó do Vhi Cúram Sláinte. Agus an stádas corparáideach atá againn faoi láthair mar Fhoras Reachtúil, tá sé dodhéanta an straitéis seo a fhorbairt ar shlí inmheasta. Tá sé riachtanach an gnó a ionchorprú.

Tá cur síos ar an dá ábhar thuas in Athbhreithniú an Chathaoirligh.

BUAICPHOINTÍ NA BLIANA GO 29 FEABHRA 2004

- Tá iomlán na Ballraíochta anois ag breis agus 1.55 milliún daoine.
- Díoladh €638 milliún amach mar éilimh dár mbaill, rud is ionann is breis agus €2.4 milliún díolta gach lá oibre.
- Seoladh táirgí nua *Plean B le Barraíocht*, Céimeanna Sláinte *Airgid*, agus *Árachas Taistil Ilturais* Vhi Cúram Sláinte.
- Próiseáil leadh 485,000 éilimh agus 1.22 sonrasc dochtúra.
- Rinne 3.1 milliún custaiméirí teagmháil linn.
- Déanadh feabhsú suntasach ar bhuntáistí ár mball le Pleananna A-E agus Roghanna.
- Seoladh ár dtáirge *Árachas Fiacla* i mí Bealtaine i gcomhar lenár gcomhpháirtithe DeCare Idirnáisiúnta.

BALLRAÍOCHT, DÍOLACHÁN AGUS SEIRBHÍSÍ

TORTHAÍ BALLRAÍOCHTA 2003/2004

I rith na bliana roghnaigh 63,395 ball nua Vhi Cúram Sláinte mar a n-árachóir agus chuir siad €36.6 milliún leis an táille ioncaim. D'fhág cuid dár mbaill toisc nach raibh siad ábalta leanúint leis na híocaíochtaí préimhe. Is mór an chúis imní í seo dúinn, nuair is cuspóir dúinn cumhdach sláinte den scoth a chur ar fáil ar phraghas inacmhainne. Le seoladh táirgí Tréimhse Saoil níos déanaí sa bhliain tá sé beartaithe againn raon níos mór táirgí a bheidh in oiriúint go baileach dá riachtanais aonair, a thairiscint dár mbaill.

Le breis agus 1.55 milliún daoine faoi árachas (A-E, Roghanna agus Plean P), shaothraigh Vhi Cúram Sláinte breis agus €840 milliún i dtáillí ioncaim iomlána faoi dheireadh na bliana, agus bhí tromlach na mball faoi árachas tré 8,300 scéimeanna grúpa, atá á riaradh ag a bhfostóir nó ag eagraíocht a mbaineann siad léi.

Thug díolachán táirgí nach bhfuil i gcróí an ghnó misneach ar leith dúinn i rith 2003/04. Bhain ár dtáirge bunchúraim Céimeanna Sláinte méadú láimhdeachais de 77% amach i gcomparáid leis an mbliain seo caite, le cabhair ó sheoladh Céimeanna Sláinte *Airgid* – comhleacaí leis an mbuntáirge Céimeanna Sláinte *Órga*. Chuir an méid sin rogha éifeachtúil ó thaobh costais ar fáil do bhaill a bhfuil cumhdach bunúsach uatha dá ngnáthchostais leighis laethúla. Faoi dheireadh na bliana, bhí cumhdach Céimeanna Sláinte glactha ag breis is 15,000 ball nua, rud a thug iomlán bhallaíocht Céimeanna Sláinte chuig 35,610.

I réimse an Réitigh Chorporáidigh, mhéadaigh an tioncam ónár seirbhís Sláinte Ceirde agus táirgí/seirbhísí eile fá ceathair i rith na bliana 2003/04, agus sháraigh díolachán Domhanda, ár dtairiscint i leith sláinte taistil, an sprioc go mór. A bhuíochas sin don tréandíolachán indibhidiúil, mar aon le gnó corparáideach suntasach a bhaint ónár n-iomaitheoirí.

I mí Feabhra 2004, seoladh Ilturais ó Vhi Cúram Sláinte, an chéad táirge a sheol an chomhlacht lasmuigh den réimse leighis ann féin. Sa chéad choicíos dó, mheall an táirge nach mór 5,000 ball agus ag am a scríofa seo, tá breis agus 30,000 polasaithe díolta againn. Leanann móréileamh an táirge agus is cosúil go mbeidh sé chun tosaigh go mór sa mhargadh árachais taistil i 2004. Mar fhreagra ar iarratais ónár mbaill, rinneamar athbhreithniú air agus chuireamar feabhas ar an táirge dóibh siúd ós cionn 65 bliana d’aois.

Sheolamar ár dtáirge *Árachas Fiacla* i mí na Bealtaine - Vhi DeCare Fiacla, an chéad táirge dá shaghas sa tír. Is comhfhiontar é seo le DeCare Idirnáisiúnta, an soláthróir d’árachas fiacla is mó sna Stáit Aontaithe.

Tá sé beartaithe againn táirgí Tréimhse Saoil a sheoladh níos déanaí sa bhliain, agus é mar chuspóir ar leith againn pleannanna den scoth a bheith in oiriúint go baileach do riachtanais ár mball.

Tá cáil tuillte ag Vhi Cúram Sláinte d’fheabhas na seirbhíse do chustaiméirí. I mí Mheán Fómhair d’éirigh le Maurice Whelan, de chuid Vhi Cúram Sláinte, an duais a bhaint amach mar Bhainisteoir Daoine/ Ionad Glaonna Eorpa ag Ionad Glaonna Expo UK 2003. B’é Maurice an chéad bhainisteoir ar chomhlacht Éireannach a bhain an duais riamh, rud a thug aitheantas d’fheabhas an taithí soláthair do chustaiméirí tré láimhseáil daoine. Léiríonn sé seo an clú a ghabhann le Vhi Cúram Sláinte maidir le hardchaighdeán an chaidrimh le custaiméirí. Is í an fhírinne ná gur freagraíodh breis agus 90% de ghlaonna gutháin chuig líne seirbhíse custaiméirí laistigh de 10 soicind, agus i gcás an chuid ba mhó de na glaonna, bhí an ball foirne a d’fhreagair an fón in ann an t-eolas a bhí á lorg a chur ar fáil. Tá an teagmháil lenár gcustaiméirí an-tábhachtach do Vhi Cúram Sláinte agus dár mbaill.

Bhí teagmháil againn i rith na bliana le breis agus 3.1 milliún ball, le fón, ríomhphost, post, teachtaireacht téacs nó bualadh isteach go dtí ceann dár n-oifigi i mBaile Átha Cliath, Dún Laoghaire, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh nó Cill Chainnigh.

SEIRBHÍSÍ SLÁINTE

Is príomhchuspóir riamh anall é do Vhi Cúram Sláinte a chinntiú go bhfuil teacht ag ár mbaill ar an gcúram leighis is nua-aimseartha agus ar na cleachtais is fearr. Ag an am céanna, bímid ag obair go cruathach chun a chinntiú go bhfuil diansrianta ar chostas soláthair na seirbhísí seo.

I rith na bliana 2003/04 dhíol Vhi Cúram Sláinte beagnach €640 milliún amach mar íocaíochtaí éilimh lenár mbaill – breis agus €2.4 milliún ar an meán gach lá oibre. Níl aon árachóir sláinte eile in Éirinn a chuireann an leibhéal buntáiste seo ar fáil dá bhaill.

Bíonn Vhi Cúram Sláinte ag obair le soláthróirí chun costais a laghdú tré phraghsanna seasta comhaontaithe ar lóistín agus ar sheirbhísí gairmiúla. Is iad praghsanna seasta an moltar go hidirnáisiúnta mar chur chuige, mar go gcabhraíonn siad le riaradh costais, cuireann siad srian ar chostais neamhshonraithe, spreagann siad na hospidéal chun éifeachtachta, aistríonn siad riosca méadú costais chuig na hospidéal, gearrann siad siar ar riarachán na n-éileamh agus laghdaíonn siad ar fhad na gcuariteanna.

I dteannta le comhaontú ar structhtúir íocaíochta lánchumhdaithe leis na hospidéal agus leis na comhairleoirí dá seirbhísí, tá Vhi Cúram Sláinte tiomanta don phrionsabal go gcinnteofaí go ndéantar gnáthaimh leighis san ionad is oiriúnaí, mar atá bunaithe ar na cleachtais is fearr. Tá méadú ar fud na cruinne ar sholáthar seirbhísí leighis ar bhonn cúram lae agus ní aon eisceacht í Éire sa mhéid sin. I gcás beagnach 63% de na héilimh ar fad a d'íoc Vhi Cúram Sláinte anuraidh, bhí an t-othar faoi chúram lae. Tá ardú tagtha ar an bhfigiúr seo ó 38% i 1996. Sábhladh €128 milliún dár mbaill anuraidh amháin, nó suas go 16% den phríomh.

Chuidigh a leithéid de bhearta srianadh costais le Vhi Cúram Sláinte chun éifeachtacht agus táirgiúlacht a fheabhsú laistigh den earnáil leighis phríobháideach le deich mbliana anuas, go dtí an pointe nach raibh orainn méadú ar líon iomlán na leapacha príobháideacha, cé go bhfuil ardú de 85% ar líon na n-éileamh. Nuair a chuirtear san áireamh go gcuirfeadh aon áis nua amháin breis le €40 milliún lenár gcostais, is suntasach an méid é seo a chur i gcrích.

I rith na bliana 2003/04, bhí comhaontú ag Vhi Cúram Sláinte ar tháillí le 104 áiseanna leighis san iomlán, agus 35 acusan in ospidéal phríobháideacha. Ina theannta san, d'aontaigh breis agus 99% de chomhairleoirí uile sna hospidéal glacadh le structhtúir íocaíochta Vhi Cúram Sláinte mar shocrú iomlán ar na seirbhísí a cuireadh ar fáil do na baill. Bhí comhaontú againn freisin le 150 ionaid téarnamh, 21 ionaid MRI, 14 saotharlanna agus ionaid raideolaíochta diagnóiseacha, 6 chomhlacht otharchairr agus áis scanadh PET.

Tá áiseanna nua formheasta ag Vhi Cúram Sláinte, ina measc trí ionaid nua MRI i mBaile Átha Cliath, i gCill Chainnigh agus i dTrá Lí, i dteannta le hOspidéal Shráid Sheandúin i gCorcaigh, an chéad Ionad Cúram Lae, formheasta ag Vhi Cúram Sláinte, a chuireann cóir leighis máinliach/diagnóiseach ar fáil do bhaill Vhi Cúram Sláinte, i mÓrlimistéar Chorcaí.

I rith na bliana mhéadaíomar ar rogha agus ar mhianach ár dtáirgí nua agus na seirbhísí atá ar fáil dár mbaill. Mar achoimre, bhí na feabhsuithe seo a leanas san áireamh:

- Táirge nua – Plean B le Barraíocht – nuáil bhreise i gcás an táirge is mó díolaíochta againn.
- Táirge Nua – Céimeanna Sláinte *Airgid* – ag cur breis eile rogha ar fáil do bhaill a bhfuil gá acu le cumhdach i leith costas leighis laethúla.
- Táirge Nua – Árachas Taistil Ilturais do bhaill atá ag dul thar lear.
- Ceadú d'Ospidéal Shráid Sheandúin, Corcaigh cóir leighis máinliach/diagnóiseach a chur ar fáil do bhaill Vhi Cúram Sláinte ar bhonn Cúram Lae.
- Síneadh i leith na dtáillí do ghnáthshaolú, chun cumhdach iomlán trí lá a chur ar fáil in Ospidéal Phoiblí. Níl uasmhéid airgid i gceist a thuilleadh.
- Tá naíonáin nuabheirthe curtha san áireamh saor in aisce go dtí an chéad athnuachan eile.
- Feabhsú suntasach ar bhuntáistí Cúnaimh agus Athdhúichithe.
- Feabhsú ar sheirbhísí na línte comhairle fóin, Líne an Bhanaltra 24/7.
- Íocaíocht dhíreach ar éilimh na mball comhaontaithe le hOspidéal an Rotunda, Báile Átha Cliath.
- Scanóirí MRI sa bhreis ceadaithe do bhaill a bhfuil gá acu le scanta ar bhonn othair chónaithe nó othair lae.
- Méadú ar bhuntáistí MRI do scanta in Ionaid roghnaithe d'othair chónaithe nó d'othair lae.
- Cumhdach iomlán ar fáil d'othair a bhfuil radaiteiripe d'aile riachtanach dóibh ar bhonn cúram lae.

Tá Vhi Cúram Sláinte tiomanta chun seirbhísí cúraim shláinte phríobháidigh den scoth a bheith ar fáil dá bhaill agus baintear leas as aiseolas ó na baill chun monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na seirbhísí atá ar fáil ó Vhi. Tiomsaíonn Vhi taighde i leith sásaimh othar go rialta chun a chinntiú go bhfuil ardleibhéal sásaimh i measc na mball maidir leis na seirbhísí. Taispeánann taighde a tiomsaíodh i rith 2003/04 fíor-ardleibhéal sásaimh laistigh de réimsí tábhachtacha, ina measc caighdeán lóistín, cúram leighis agus altranaís, compord i gcoitinne agus éifeachtacht maidir le láimhseáil na n-éileamh. Agus méadú ag teacht i gcónaí ar úsáid sheirbhísí cúram lae, is fiú a rá i gcás breis is seachtar as gach deichniúr othar a raibh gá acu le máinliacht in ospidéal príobháideach, go raibh cead isteach acu laistigh de cheithre sheachtaine ón uair ar seoladh ann iad.

Tá sé ríthábhachtach go mbeadh ár gcuid ball san airdeall i gcónaí maidir leis an smacht is mian linn a choimeád ar chostais sheirbhísí sláinte. Íocann Vhi Cúram Sláinte an costas iomlán ar a bhformhór mór de na seirbhísí óspidéil agus comhairleora a mbaineann na baill leas astu. Taréis gach íocaíochta, seoltar mionsonraí iomlána den éileamh chuig na baill. Tá feabhsuithe móra ar an tslí a dtugaimid tuairisc ar na costais éilimh seo. Tá sé níos fusa anois na sonraí beachta maidir leis an méid a díoladh a léamh agus a thuiscint. Táimid meáite ar ghníomhú go cuí má chuireann baill os ár gcomhair aon earráidí sna héilimh a bhfuilimid ag plé leo thar a gceann, msh gnáthaimh leighis atá ar an mbille ach nár déanadh, ceisteanna faoi tháillí comhairleoirí leighis &rl. Is féidir leis an iniúchadh seo ag na baill cabhrú go mór maidir le smacht a choimeád ar chostais phréimhe.

TORTHAÍ AIRGEADAIS

Oibríonn Vhi Cúram Sláinte mar ghnó neamhbhrabúis. Is é is brí atá leis seo ná nach cuspóir don ghnó é brabús a thuilleamh i dtreo go ndíolfaí sochar le húinéirí an ghnó.

Mar sin féin, tá orainn barrachas a shaothrú i dtreo go bhfásfaidh an cúlchiste saor ar aon dul le hioncam préimhe, chun urrús a chur ar fáil do bhaill. Sháraigh barrachas 2003/04 ar an sprioc a bhí againn, agus úsáidfear an barrachas breise chun maolú ar an ardú préimhe a bheadh riachtanach ón gcéad athbhreithniú eile, ar 1 Méan Fómhair.

B'iad príomhghnéithe na dtorthaí airgeadais ná:

- Mhéadaigh barrachas i ndiadh cánach 84% ó €33.8m chuigh €62.3m. Léiríonn an méadú seo sochar de 7.8% d'ioncam préimhe agus chabhraigh sé chun cóimheas an chúlchiste a mhéadú ó 31.4% ag 28 Feabhra 2003 go 34.6% ag 29 Feabhra 2004. Bhí tionchar ag na fachtóirí seo leanas ar an mbrábús i rith na bliana.
 - Méadú préimhe ó Méan Fómhair 2002 agus mar a chuaigh sé sin i gcion.
 - Méadú beag ballraíochta i leith an chroítháirge
 - Costais na n-éileamh níos lú ná mar a raibh coinne leo.
 - Moill maidir le háiseanna nua ospidéil a oscailt.
 - Laghdú breise i gcóimheas na gcostas oibriúcháin
 - Díolachán láidir ar neamh-chroítháirgí.
- Saothraíodh beagnach €803m i bpréimh thuillte i rith na bliana, rud ab ionann agus fás de 16.8% i gcomparáid leis an tréimhse dhá mhí dhéag roimhe sin. Mhéadaigh ballraíocht i leith na gcroí-tháirgí beagáinín i gcomparáid leis an mbliain roimhe, agus tréandíolachán freisin ar Chéimeanna Sláinte, Domhanda agus táirgí Réiteach Corparáideach.
- Tháinig méadú de 11.5% ar chostas na n-éileamh, agus tá seo níos lú ná mar a raibh coinne leis. Bhí sé seo níos lú ná an búiséad chuige toisc íslíú ar líon na n-éileamh, gan áiseanna nua ospidéil a raibh coinne leo a bheith ar oscailt, agus spreagadh á thabhairt i leith úsáide níos

GAILEARAÍ



1



2



3



7



8



9



10



11



12



4

1. Duais don Láithreán r-sheirbhísí Rialtais 2003 is fearr á bhronnadh ar www.vhi.ie. Glacann Declan Moran, Stiúrthóir Margaíochta agus Forbairt Gnó leis an duais ó Mary Hanafin, T.D., Príomh-Aoire an Rialtais.
2. Cháiligh Tom Fitzpatrick agus Frazer Brown, foireann seoil 49er Vhi na hÉireann, do na Cluichí Oilimpeacha san Aithin.
3. Seolann an Vhi Cúram Sláinte árachas taistil, Iltuais. Vincent Sheridan, Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, agus an chéad pholasáí á shíneadh aige, i gcomhlúadar Kathryn Thomas, RTÉ No Frontiers.
4. Duais 'Is mór linn do ghlaio' ('Your call is important to us') á bhronnadh ar Vhi Cúram Sláinte ag Duaiseanna Excelsior 2003. Sa phictiúr ó chlé: Fiachra O'Riordan, POF Sunday Business Post, Tony McSweeney Stiúrthóir Gnó Indibhidiúil agus Corparáideach le Vhi Cúram Sláinte, agus Carmel Foley, Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí.
5. Bleaist Rince an Vhi, 2003. Bhí os cionn 5,000 duine páirteach sa teacht le chéile spráúil rince seo, a raibh mórchóragraíoirí den chéad scoth i láthair, eagraithe ag Jane Shortall.



5

6. Seoladh Céimeanna Sláinte *Airgid* i mí Mheán Fómhair 2003, agus roghanna níos fearr ar fáil do chustaiméirí maidir le gnáthchostais chúram shláinte. Rory Quigley, Bainisteoir Margaíochta Céimeanna Sláinte ag an seoladh.
7. Foireann r-Ghnó Vhi Cúram Sláinte ag glacadh le Duais an Damháin Alla Órga do Shármhaitheas Eolais, don dara huair.
8. Maurice Whelan, Bainisteoir Ginearálta Ionad Gnó Chill Chainnigh, agus é ar an gcéad Bhainisteoir ar chomhlacht Éireannach ar bronnadh an duais Bainisteoir Daoine/Ionad Glaonna Eorpa air.
9. An Taoiseach Bertie Ahern, T.D., agus cuairt aige ar Ionad Gnó Vhi Cúram Sláinte i gCill Chainnigh. Sa phictiúr leis, tá Tony McSweeney, Stiúrthóir Gnó Indibhidiúil agus Corparáideach, agus Vincent Sheridan, Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin.
10. Helen Kearney ó Dhún Luáin, a bhuaigh an Duais Mhórglaise Spóirt urraithe ag an Vhi, ag Duaiseanna Leanaí na hÉireann 2003. Tá sí sa phictiúr le Vincent Sheridan agus leis An Taoiseach Bertie Ahern, T.D.



6

11. 400 duine a ghlac páirt i gCiorcal Dhruma, urraithe ag Vhi, i bhfearann Chaisleán Chill Chainnigh ag Féile Ealaíon Chill Chainnigh 2003.
12. Thaispeáin vótáil ar vhi.ie i mí Eanáir 2004 go raibh 64% de neamhchaiteoirí tobac agus 58% de chaiteoirí tobac a thug cuairt ar ár láithreán i bhfábhar an choisc ar thobac i dtithe tábhairne. Sa phictiúr tá an tAire Sláinte agus Leanaí Micheál Martin T.D., agus é ag scrúdú an Clár Éirí as Tobac ar vhi.ie. Sa phictiúr leis an Aire tá (ó chlé), Gary Hughes, Learning Media, agus Brendan Hughes, Bainisteoir R-Ghnó, Vhi.
13. I rith na bliana ghlac 19 dár bhfoireann páirt i gclár Gnóthachain na Sóisear. Sa phictiúr tá Joan Egan ó Chill Chainnigh ag bronnadh teastas gnóthachain ar Bhunscoil De La Salle, Cill Chainnigh, leis an muinteoir Killian Mc Glynn. Tá Gnóthachain na Sóisear Éireann (Junior Achievement Ireland) ar an soláthróir is mó ar thraenáil i bhFiontraíocht agus i Scileanna Saoil do dhaoine óga in Éirinn.
14. Clár 'Folláin chun Spóirt' ('Fit for Fun') do bhunscoileanna á sheoladh leis an IRFU. Spreagann 'Folláin chun Spóirt' leanaí a bheith níos gníomhaí agus dul le stíl mhaireachtála níos sláintiúla. Ghlac os cionn 3,000 páiste páirt sa chlár go dtí seo.



13



14

éifeachtaí as áiseanna leighis, a raibh mar thoradh air gur méadaíodh ar líon na gcásanna lae agus gur laghdaíodh ar fhad cónaithe in ospidéal is eile.

- D'fhás costais oibriúcháin 14.2% ar an mbliain roimhe, rud a léiríonn an infheistíocht ag Vhi maidir le breis fostaithe, margaíocht, agus forbairt chórais atá riachtanach chun tacú le seoladh táirgí nua agus seirbhísí. D'ainneoin seo, tá cóimheas na gcostas oibriúcháin agus préimh thuillte tite go díreach 8.3% - i bhfad níos lú ná an norm sa tionscal. Mar shampla, chuir ár n-iomaitheoir i margadh na hÉireann in úil go raibh cóimheas a gcostas oibriúcháin ag 16% sa bhliain 2003! Seo í an triú bliain as a chéile go bhfuil laghdú ar taifead maidir le cóimheas ár gcostas oibriúcháin.
- Ag €14m, bhí ioncam ó infheistíocht laghdaithe 43% ar fheidhmiú na bliana roimhe. Leanaimid polasaí infheistíochta coimeádach toisc go bhfuil leibhéal ár gcúlchistí saora fanta faoin spriocleibhéal fadtéarmach atá againn. Dá bhrí sin, tá toradh infheistíochta ag brath ar rátaí úis (atá ar leibhéal ísle stairiúla) agus ar ghluaiseachtaí i rátaí úis. Aithníodh i dtuarascáil na bliana seo caite go raibh an toradh a saothraíodh i 2002/2003 eisceachtúil agus "nach cosúil go dtarlódh sé arís."
- Tá meadú tagtha ar an gCúlchiste Rioscaí Neamhchaite de 15.6% ó €35m go €51m. Tá an cúlchiste seo ann toisc cinneadh an Bhoird chun soláthrú do chailteanais réamh-mheasta ar chonarthaí athnuachta, nó le hathnuachaint, go dtí Méan Fómhair 2005. Cuireann an cinneadh seo san áireamh nach mbeidh a dhóthain san ardú préimhe i mí Mhéan Fómhair 2004 chun barrachas a chur ar fáil i 2005/2006, gan Comhionannú Riosca

ACMHAINNÍ DAONNA AGUS FORBAIRT ÁISEANNA

Chun tacaíocht a thabhairt don éileamh méadaithe do tháirgí nua agus nuálacha agus do sheirbhísí Vhi Cúram Sláinte, tháinig méadú de 5% ar mheánlíon na bhfostaithe (ionann is lánaimseartha) i rith na bliana. Tá na fostaithe breise ag obair i réimsí atá ag plé le forbairt chóras, le dearbhú cáilíochta, le próiseáil éileamh, agus le soláthar táirgí nua.

Tá oiliúint agus forbairt na foirne oibre mar thosaíocht againn i gcónaí, agus gan níos lú ná 6% dár bhfostaithe faoi láthair ag críochnú modúl staidéir ar raon ábhair, ina measc Bainistíocht Acmhainní Daonna, Bainistíocht Ghinearálta, Bainistíocht Tionscadail, Dlí, Cuntasaíocht, Díolachán, TE, Ríomhthráchtáil agus Cáilíocht san áireamh. Creidimid go bhfuil sé ríthábhachtach dár ngnó san fhadtéarma an infheistíocht ama agus airgid seo a dhéanamh maidir le hoideachas fadsaoil dár bhfostaithe agus is léir ón líon fostaithe a fhanann le Vhi gur fiú go mór mar infheistíocht í.

Chun freastal ar an méadú i líon na bhfostaithe, tá clár forbairt áiseanna ar bun againn, agus dá bharr, déanadh cóiriú iomlán as an nua agus athfheistiú ar ár n-oifig i nDún Laoghaire i rith na bliana, cuireadh ar fáil Lárionad Oiliúna ar leith, cumas stáisiún oibre breise, agus áis Phoist ag Vhi Cill Chainnigh. Tá sé pleanáilte breis uasghrádaithe a dhéanamh ar áiseanna i mbliana, chun feabhas a chur ar acmhainn agus ar fheidhmiú ár n-oifige i Sráid na Mainistreach, Baile Átha Cliath.

Go luath sa bhliain 2004, rinne Vhi Cúram Sláinte oscailt oifigiúil ar Ionad Réiteach Corparáideach sainlasta, den dearadh is déanaí, ar Shean-Bhóthar Nás i mBaile Átha Cliath, agus an trealamh is an dearadh ann in oiriúint chun ár gcuid seirbhísí Sláinte Ceirde a sholáthar don earnáil chorparáideach.

FORBAIRTÍ TEICNEOLAÍOCHTA

Tá Vhi Cúram Sláinte tiomanta chun infheistíochta sa teicneolaíocht, ar mhaithe le feabhas a chur ar cháilíocht agus ar éifeachtacht na seirbhíse dár mbaill, agus ar mhaithe le laghdú leanúnach a dhéanamh ar ár gcóimheas costais oibríoch. Le 18 mí anuas tá obair ar siúl chun córas nua a chur in áit ár mbunchórais riaracháin, a nglaoimid an córas athnuachana agus billeála air (CAB). Forbraíodh croí an chórais atá againn go dtí seo sna seachtóidí, agus d'fheil sé go fíormhaith don ghnó le deich mbliana fichead anuas. Ní nach ionadh, tá sé dolúbtha anois agus níl sé freagrúil d'athraithe táirge ná d'fhorbairtí nua. Costas iomlán suas le €25 milliún atá ar an gcóras nua, atá ar cheann de na córais is mó atá á bhforbairt in Éirinn faoi láthair agus tá sé ar bhráid dul beo i mí Iúil 2004. Léirigh an fhoireann oibre dílseacht iontach don togra seo le linn a fhorbartha. Tá ár bpáirtithe i bhforbairt an chórais, CGI, chun margáíocht a dhéanamh ar an gcóras mar phacáiste réitigh bhogearraí don tionscal árachais sláinte domhanda. Tá díolachán amháin air curtha i gcrích cheana, agus fuair Vhi Cúram Sláinte sciar den fháltas díolacháin uaidh.

Tá obair tosnaithe ar shonraíocht chórais nua éileamh a ndéanfar forbairt air nuair a bheidh an córas nua CAB ag oibriú go hiomlán.

AG CUR TÁIRGÍ AR FÁIL DO DHAOINE AG GACH TRÉIMHSE SAOIL.

Tá Vhi Cúram Sláinte, agus 80% den mhargadh árachais sláinte againn, ag cur pleananna ospidéal géarmhíochaine ar fáil do mhuintir na hÉireann ó 1957 i leith. Le breis agus 1.55 milliún baill meastar go bhfuil breis agus 40% de dhaonra na hÉireann faoi chumhdach ag Vhi Cúram Sláinte. Agus iomaíocht sa mhargadh árachais sláinte ó 1996 i leith, tá fianaise ann anois a thabharfadh le fios go bhfuil sáithiú, nó gar dó, i réim sa mhargadh.

Taispeánann ár dtaighde margaidh go bhfuil athrú ar éilimh an chustaiméara in Éirinn, agus go bhfuil tionchar aige sin ghnó an árachais sláinte. Tá Vhi Cúram Sláinte ag freagairt don athrú seo le réimse nua táirgí agus seirbhísí árachais a dhéanann freastal ar a bhfuil ag teastáil ó dhaoine, agus ar a bhfuil gá acu leo. Tá táirgí ar tairiscint ag Vhi Cúram Sláinte, ar féidir le baill meascadh agus meaitseáil a dhéanamh orthu, chun iad a chur in oiriúint dá riachtanais ag gach tréimhse saoil.

I rith 2003/04 chuir Vhi Cúram Sláinte táirgí suntasacha nua ar an margadh, ina measc:

- *Plean B le Barraíocht* – táirge a thairiscíonn buntáistí uilig Plean B ach ar phraghas níos inacmhainní fós;
- *Céimeanna Sláinte Órga agus Airgid* – tá dhá leagan ann anois dár bplean do chaiteachas laethúil, agus breis rogha dá réir ag ár gcustaiméirí, maidir le cumhdach agus praghas;
- *Árachas Taistil Iturais* – árachas iomlán a chumhdaíonn gach turas a dhéanann baill de Vhi Cúram Sláinte i gcaitheamh bliana ar aon íocaíocht amháin – ar phraghasanna atá orthu siúd is iomaíocha sa mhargadh.

Beidh breis forbartha ar ár gcroí-phleananna (agus forbairt ar an gcur chuige Tréimhse Saoil san áireamh) i dteannta le táirgí agus seirbhísí suntasacha nua á seoladh i rith 2004/05.

FORBAIRT BHRANDA AGUS FEASACHT TÁIRGE

I rith 2003/04 leanadh dár ngníomhaíochtaí feasacht bhranda, ag díriú ar théamaí i leith folláine agus stíl mhaireachtála, chun tacú lenár mana, 'Beatha agus Sláinte'.

- **Iris ‘Beatha agus Sláinte’ (‘It’s All About Living’):** Lán d’altanna faoi shaol folláin agus faoi stíl mhaireachtála, i dteannta le tairiscintí dár mbaill. Foilsítear an iris seo gach ráithe agus scaiptear é ar ár mbaill ag am athnuachana.
- **‘Folláin chun Spóirt’ (‘Fit for Fun’):** Seoladh an clár seo sainiúil seo i bpáirt le Cumann Peile Rugbaí na hÉireann, agus dearadh é mar chabhair do bhunscoileanna leanaí a spreagadh chun a bheith níos gníomhaí, agus stíl mhaireachtála níos sláintiúla a chleachtadh. Déantar seo trí thaifead a choimeád ar fholláine agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn tar éis sé seachtaine. Cuireadh tús leis an gclár i mBaile Átha Cliath ar bhonn céimnithe agus scaipfear ar scoileanna i gcontaetha eile ar fud na tíre é i gcaitheamh tréimhse trí bliana. Ghlac 50 bunscoileanna agus breis is 3,000 páiste páirt sa chlár go dtí seo.
- **‘Cá háit ar Domhan’:** feachtas ardphróifíl a cuireadh ar fáil do chliant chorparáideacha chun na buntáistí atá ar fáil ó Cúnamh agus an táirge nua-sheolta Árachas Taistil Ilturais a chur in iúl.
- **Urraíochtaí:** Ina measc seo, bhí imeachtaí ealaíne leanaí ag Féile Ealaíne Chill Chainnigh agus ag Féile Leanaí Hullabaloo i bPort Láirge; Bleaist Rince an Vhi – teacht le chéile spráil rince a thugann deis do mhuintir na hÉireann céimeanna rince a fhoghlaim ó mhórchóragrafóirí idirnáisiúnta. I measc na n-urraíochtaí spóirt, tá Duais Leanaí na hÉireann do Shárghaisc Spóirt; urraíocht d’fhoireann seoil rathúil 49er na hÉireann, le Tom Fitzpatrick agus Frazer Brown, atá cáilithe chun dul san iomaíocht ar son na hÉireann ag Cluichí Oilimpeacha Aithine 2004; agus urraíocht don churachóir idirnáisiúnta, ar ball foirne linn í, Sarah Lang.
- **Fógraíocht:** Seoladh sraith an-rathúil d’fhógraí nua sna meáin, a léirigh táirgí agus seirbhísí Vhi Cúram Sláinte, agus LíneAltra 24/7 agus Altranas Baile Linbh san áireamh.

I rith na bliana rinneadh athdhearadh agus feabhsú ar ár ndoras sláinte www.vhi.ie chun gnéithe nua a chur san áireamh, ina measc ‘Fiafraigh d’Altra’ (‘Ask a Nurse’), pleananna pearsanta réim bídh agus r-fholláine, meabhrúcháin coinní a seoltar le téacs fóin agus seirbhís eolais toirchis sheachtainiúil. Ina theannta seo bíonn comórtaisí míosúla, lascaíní ar shaoire dheireadh seachtaine, agus clár cuimsitheach ar-líne chun cabhrú le daoine éirí as an tobac.

Teastaíonn ó Vhi Cúram Sláinte na baill a spreagadh chun breis luacha agus buntáistí fós a fháil ó na chuid seirbhísí leis an eolas sláinte agus míochaine is nua-aimseartha agus is eolasaí a chur ar fáil ar-líne, chomh maith le saoráidí bainistíochta polasaí.

Is féidir le daoine ballraíocht a fháil sa Vhi ar líne agus tháinig méadú 140% ar an ioncam a saothraíodh le díolacháin ar-líne i rith 2003/04. Agus beagnach 70,000 ball cláraithe, agus breis is 200,000 ag tabhairt cuairte gach mí, meastar gurb é www.vhi.ie an doras eolais sláinte is mó éilimh in Éirinn agus tugadh aitheantas dá fheabhas sa bhliain 2003 nuair a bronnadh duaiseanna An Damhán Alla Órga agus Árdchaighdeán Feabhais r-Sheirbhísí Rialtais 2003 air.

FREAGRACHT SHÓISIALTA

Tá Vhi Cúram Sláinte dílis dá Fhísráiteas, ‘Obair le chéile ar son leas na gcustaiméirí’, agus de réir ár Luachanna Corparáideacha aithnímid an tábhacht atá le comhpháirtíocht freagrachta ar son sláinte leanúnaí mhuintir agus thimpeallacht na hÉireann. I gcaitheamh breis is daichead bliana, tá clú tuille againn as tacú go gníomhach lenár mbaill gach tréimhse dá saol chun go mairfidís go sláintiúil a spreagadh, chun go gcoscaí breoiteacht, agus i gcás breoiteachta, chun a chinntiú go mbeadh fáil acu ar an gcúram is fearr agus is oiriúnaí. Is léir ár dtacaíocht do phrionsabal na taobhaíochta trasghlúna mar go bhfuil cumhdach á thabhairt againn inniu do chlann clainne ár mball a fuair ballraíocht linn os cionn daichead bliana ó shin.

Déanaimid athchursáil ar ár gcuid páipéir, buidéal, cannaí dí, cartúis phrionta, ceallraí úsáidte agus fóin phóca chaite go léir. I rith na bliana chuireamar breis agus 126,360 kg de pháipéar chun athchursála, agus shábháil seo breis agus 1,404 crann.

Déanadh uasghrádú riachtanach ar threalamh ríomhaireachta i rith 2003/04, agus thug sé sin deis dúinn an seantrealamh a athchursáil agus é a chur chun tairbhe an phobail an athuair. Bronnadh breis agus 30 ríomhairí iomarcacha ar CANDO (Eagraíocht Forbartha Líonra Cheantar Cheatharlaigh), grúpa eagraíochta atá urraithe ag an Rialtas, a shocraigh go ndéanfaí athchóiriú agus dáileadh ar na hinnill seo i measc Grúpaí Pobail aitheanta, Eagraíochtaí Carthanais agus daoine aonair nach mbeadh ar a gcumas trealamh ríomhaire a aimsiú ar aon tslí eile.

I rith 2003/04 lean Vhi Cúram Sláinte dár dtacaíocht phobail trí pháirtíocht i gcláir Gnóthachain na Sóisear/ Fiontraíocht Óg. Is cláir iad sin cláir do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna a ceapadh chun cabhrú le daoine óga na scileanna a fhorbairt a mbeidh gá acu leo ar scoil, ar obair agus sa saol amach rompu. I dtéarmaí praiticiúla, is éard a bhí i gceist leis seo ná fostaithe de chuid Vhi ag tabhairt oiliúna do dhaoine óga in ábhair mar Baincéireacht Phearsanta, Eacnamaíocht, agus Acmhainní. D'fhoghlaim na daltaí freisin conas a gcuid scileanna féin a aithint, páirt a ghlacadh in agallaimh bhréige, feabhas a chur ar theicnící agallaimh agus C.V. a ullmhú. Agus sinn i bpáirt le Gnóthachain na Sóisear, tá súil againn daltaí a spreagadh chun an tábhacht le hoideachas lánaimseartha a thuiscint, mar aon le coincheap na foghlama fadsaoil.

Chruinnigh fostaithe Vhi Cúram Sláinte €13,000 san iomlán i ndeonacháin charthanacha tré asbhaint tuarastail shaorálach. Dáileadh na cistí seo ar 45 chumainn charthanachta chláráithe éagsúla atá ag feidhmiú go náisiúnta agus go hidir náisiúnta. Ina theannta sin, tugadh deonachán carthanach corparáideach ar luach €20,000 d'Fhoras Croí na hÉireann. Úsáideadh an deonachán seo chun Slí na Sláinte a chur ar aghaidh i scéimeanna grúpa corparáideacha..

TODHCHAÍ

Léirigh an bhliain atá thart arís go bhfuil fí, scileanna, nuálaíocht, agus dílseacht dár mbaill ag Vhi Cúram Sláinte, ionas gur féidir linn cinnireacht a thabhairt sa mhargadh árachais sláinte in Éirinn agus éagsúlacht, fiúntas agus luach a gcuid airgid a chur ar fáil do thomhaltóirí na hÉireann. Agus táirgí nua sa bhreis á seoladh i rith 2004, a dhéanann freastal ar chúram Fiacla agus ar Thréimhsí Saoil, tá an eagraíocht i mbun tiomána i margadh a mbeidh breis iomaíochta ann, de réir dealraimh, roimh dheireadh na bliana.

San Athbhreithniú Oibriúcháin anuraidh, dúradh go láidir go gcaithfí aghaidh a thabhairt ar dhá cheist, má bhí seans ag Vhi Cúram Sláinte teacht slán sa mhargadh iomaíoch agus dul san iomaíocht ar bhonn cothrom. An chéad cheist ná go mbeadh saoire tráchtála ann chun go n-oibreomís gan smacht reachtúil dolúbtha, agus an dara ceist ná go gcuirfí ciste Chomhionannú Riosca ar bun láithreach. Thug an tAire Micheál Martin le fios go luath sa bhliain 2004 go raibh tús leis an obair ar an mBille chun athrú ar Stádas Corparáideach an Vhi a cheadú, agus gur cosúil go dtiocfaidh an Bille os comhair Dáil Éireann sa bhliain 2005. Tá an-fháilte roimh an scéal seo. Ach más ea, in ainneoin gur ritheadh rialacháin Chomhionannú Riosca i mí Iúil 2003, tá uafás ar Vhi Cúram Sláinte faoin gcinneadh a rinne an tÚdarás Árachais Sláinte gan cur i ngníomh Comhionannú Riosca a mholadh tar éis a gcéad athbhreithniú. Tá Vhi Cúram Sláinte den tuairim go bhfuil neamhghníomh seo an ÚÁS ag cur seirbhíse atá riachtanach as a riocht, agus buntáistí an Phobalráitíocháin á ndiúltú do thromlach an mhargaidh agus brabúis amhantair ollmhóra á dtabhairt d'árachóir aonair.

Tá Vhi ann chun freastal ar a bhaill. An bhliain seo chugainn leanfaimid ar aghaidh ag soláthair seirbhíse den scoth, faoi mar atá tuillte ag ár mbaill agus tabharfaimid táirgí agus seirbhísí suntasacha nua ar an margadh.



Vincent Sheridan
Chief Executive

TÁIRGÍ VHI



CUMHDACH OSPIDÉIL



CUMHDACH OSPIDÉIL



GNÁTHCHÚRAM SLÁINTE



ÁRACHAS TAISTIL



CÚRAM SLÁINTE I GCÉIN



ÁRACHAS FIACLA



TÁIRGÍ CORPARÁIDEACHA



LÍNE ALTRA 24/7

AN FHOIREANN BAINISTÍOCHTA FEIDHMIÚCHÁIN



Vincent Sheridan BComm FCA
Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin
Thosaigh Vincent Sheridan le Vhi Cúram Sláinte i mí Aibreáin 2001, agus 28 bliana taithí aige sa tionscal árachais. Bhain sé céim BComm ó Choláiste na hOllscoile, BÁC, agus cuntasáíocht cairte is gairm dó. Iar-uachtarán é ar Chónaidhm Árachais na hÉireann, ar Institiúid Árachais na hÉireann agus ar Chumann Éireann na mBainisteoirí Infheistíochta. Is stiúrthóir é ar Stocmhalartán na hÉireann agus tá sé mar chomhalta comhairle ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn, ag Cónaidhm Idirnáisiúnta Phleananna Sláinte agus ag an gComhairle Tuairisce Airgeadais sa Bhreatain Mhór.



Dr. Bernadette Carr MD, FRCPI, MPH, LFOM
Stiúrthóir Leighis
Is eipidéimeolaí í Bernadette Carr a bhfuil taithí fhairsing chliniciúil agus taighde aici. Is céimí de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, í agus í measc a cáilíochtaí tá: Comhaltacht in UCLA 1989, Dochtúireacht Leighis, Coláiste na Tríonóide 1992, Ceadúnach le Dámh an Leighis Ghairme 1991, agus Maistreacht sa tSláinte Phoiblí 1994. Toghadh í mar Chomhalta ag Coláiste Ríoga na nDochtúirí in Éirinn 1996. Thosaigh Bernadette leis an Vhi sa bhliain 1994, agus i measc a cuid cúraimí tá caidrimh soláthair, idirbheartaíocht chonarthaí agus éilimh.



John Creedon
Stiúrthóir - Faisnéis Teicneolaíochta
Tá BSc i bhFeidhmiúcháin Ríomhaire ó Ollscoil Chathair Átha Cliath ag John Creedon agus Dioplóma in Anailís Chóras ó Choláiste na Tríonóide, BÁC. Bhí postanna sinsearacha eile aige sa Vhi sular ceapadh sa phost reatha é sa bhliain 1996 agus tá sé freagrach as na seirbhísí Faisnéis Teicneolaíochta uilig.



Declan Moran
Margaíocht agus Forbairt Gnó
Tá BSc san Ríomheolaíocht ag Declan Moran agus is Comhalta é ag Institiúid na nAchtúirí ón mbliain 1994 i leith. Tháinig sé ón tioncal saoil agus pinsean go dtí an Vhi sa bhliain 1997 agus tá sé freagrach as fairsingiú ar chineálacha táirgí an Vhi, forbairt ar mhargáí nua agus as soláthar saeolais achtúirigh laistigh den eagraíocht.



Michael Owens
Stiúrthóir - Acmhainní Daonna
Tá BA ag Michael Owens i gCaidrimh Thionsclaíochta agus is Comhalta Cairte den CIPD é. Thosaigh sé leis an Vhi sa bhliain 1999 agus tá taithí breis is 25 bliana aige i mbainistíocht acmhainní daonna i dtionscail éagsúla: innealtóireacht éadrom, paipéar agus prionta, miondíol tráchtála agus árachas.



Tony McSweeney

Stiúrthóir – Gnó Indibhidiúil agus
Corparáideach

Thosaigh Tony McSweeney, comhalta
d'Institiúid Mhargaióchta na hÉireann, leis an
Vhi ón tionscal saoil agus pinsean sa bhliain
1996. Tá sé freagrach as Seirbhísí Custaiméirí,
Riarachán Custaiméirí, Díolachán agus ár ngnó
Réiteach Corparáideach.



Willie Shannon BBS FCA

Stiúrthóir - Airgeadas

Is céimí de chuid Choláiste na Tríonóide é Willie
Shannon, a bhain amach an BBS sa bhliain
1974. Cáilíodh mar chuntasóir cairte é sa bhliain
1977 le Arthur Andersen agus chuaigh sé ag
obair mar rialtóir airgeadais an ghrúpa leis an
Coyle Hamilton Group, bróicéirí árachais agus
athárachais sa bhliain 1987. Ceapadh é mar
Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa ina dhiaidh sin
sa bhliain 1989. Thosaigh sé leis an Vhi mar
Stiúrthóir Airgeadais sa bhliain 2002. Tá sé ar
choistí éagsúla de chuid Institiúid na
gCuntasóirí Cairte. Is Iar-Chathaoirleach é
freisin ar an gCoiste Airgeadais in Institiúid
Árachais na hÉireann, agus Iar- Uachtarán ar
Chumann na bhFeidhmeannach Airgeadais.

scéal a ceathair

Agus breis is 1,000 fostaithe lonnaithe againne anseo i gCorcaigh, tá rath an ghnó ag brath go mór ar shláinte is ar fholláine ár bhfostaithe.

CÁS EMC

“Agus breis is 1,000 fostaithe lonnaithe againn anseo i gCorcaigh, tá rath an ghnó ag brath go mór ar shláinte is ar fholláine ár bhfostaithe. Thionólamar Seachtain Feasacht Sláinte dár bhfostaithe uilig i mí Dheireadh Fómhair seo caite, chun aird a tharraingt ar na buntáistí a bhaineann le cothabháil na sláinte ar bhonn rialta. Thugamar cuireadh do Vhi Réiteach Corparáideach páirt a ghlacadh san ócáid agus a dtionscnamh seirbhísí Scagthástála Sláinte, is iad in oiriúint go háirithe d’fhostaithe EMC, a chur chun cinn. Ó shin i leith, tá comhairle phraiticiúil agus aiseolas ar bhonn míosúil curtha ar fáil ag an Vhi dúinn.

Ón tús theastaigh uainn plé le comhlacht a bheadh ábalta clár proifisiúnta sláinte agus stíl mhaireachtála a sholáthar chun tairbhe ár bhfostaithe uilig agus tá an méid seo curtha ar fáil ag Vhi, gan aon amhras.

Cuireadh triail ar bhreis agus 200 fostaithe sa chéad trí mhí den chlár chun a leibhéil cholaistéaróil, brú fola, saill choirp agus comharthaí sóirt i leith toirt choirp a thomhas. Tugadh tuarascáil chuimsitheach aonair do gach fostaí, agus bhí seo faoi rún. Tugadh cabhair phraiticiúil dóibh chomh maith agus comhairle chun a sláinte ghinearálta agus a leibhéil corpacmhainne a fheabhsú.

Tá eolas fíorluachmhar tugtha ag an Vhi dúinn ar leibhéal ginearálta corpacmhainne na bhfostaithe sa chomhlacht, a léiríonn go cruinn an tacaíocht is gá dúinn a sholáthar do na fostaithe – go háirithe maidir le cothú agus le haclaíocht.

Braithaimd gur chabhraigh foireann Vhi Réiteach Corparáideach linn cur le feasacht ar bhuntáistí na sláinte, agus creidimid go mbeidh tionchar dearfach aige seo i ndeireadh thiar maidir le freastal oibre na bhfostaithe, lena misneach agus ar ndóigh, leis an mbunlíne”

MARIANNE TIERNEY, Acmhainní Daonna EMC

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá áthas ar na Stiúrthóirí an 47ú Tuarascáil Bhliantúil a chur i láthair de réir Alt 20 (1) den Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957. Tá cuntais an Bhoird agus na nótaí a bhaineann leo agus atá mar chuid de na cuntais san áireamh sa tuarascáil seo, agus iad ullmhaithe de réir na gcaighdeán a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éirinn agus atá ag teacht le Rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh (Gealltanais Árachais: Cuntasaíocht), 1996.

1. Príomhimeachtaí

Is corparáid reachtúil é an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh a bunaíodh leis an Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957, agus tá sé mar chuspóir aige córas airgeadais a sholáthar do chúram sláinte príobháideach, á chur ar fáil ar bhunús cúnamh fhrithpháirtigh.

2. Torthaí

Tá torthaí na bliana leagtha amach sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

3. Athbhreithniú Gnó agus Imeachtaí Amach Anseo.

Tá athbhreithniú den ghnó a cuireadh i gcrích i rith na bliana, i dteannta le tuairimí an Bhoird faoin mhéid atá i ndán sa todhchaí le fáil i Ráiteas an Chathaoirligh.

4. Cúraimí na Stiúrthóirí

Ní foláir do na Stiúrthóirí cuntais a ullmhú do gach tréimhse airgeadais, a thugann léargas atá fíor agus cóir ar bhail ghnóthaí an Bhoird agus ar shochar nó dochar an Bhoird don tréimhse sin.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú, ní foláir do na Stiúrthóirí:

- Polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta.
- Breithiúnais agus tuairimí a dhéanamh atá réasúnta agus gaoismhear.
- Na cuntais a ullmhú ar bhonn gnó atá ar siúl muna bhfuil sé neamhoiriúnach a bheith ag glacadh leis go leanfar de ghnó an Bhoird.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád, a nochtáonn le cruinneas réasúnta ag aon am staid airgeadais na heagraíochta agus a chuirfidh ar a gcumas deimhin a dhéanamh de go n-ullmhaítear na cuntais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus atá ag teacht le Rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh (Gealltanais Árachais: Cuntasaíocht), 1996. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus uaidh seo, as céimeanna réasúnta a thógáil chun caimiléireachta agus gnóthaí cama eile a sheachaint agus a chosc.

Tuarascáil na Stiúrthóirí

5. Rialachas Corparáideach

Tugann na Stiúrthóirí a dtacaíocht do phrionsabail an Rialachais Chorparáidigh a léiríodh i gCód Comhaontaithe an Choiste ar Rialachas Corparáideach. Cé nach comhlacht liostáilaithe é féin, tá iarrtha ag an mBord déanamh de réir coinníollacha an Chóid atá oiriúnach dó, ag cur san áireamh Bunreacht an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh, agus uaidh seo tuairiscítear laistíos ar chomhlíonadh an Bhoird i rith na bliana leis an gCód a foilsítear ag Stocmhalartán na hÉireann.

Measann na Stiúrthóirí go bhfuil na modhanna oibre ar bun acu chun déanamh de réir forálacha Ailt a 1 den Chód Comhaontaithe: Prionsabail Dea-Rialachais agus Cód Togha Cleachtas, ach amháin i gcás ceapachán agus coinníollacha oifige na Stiúrthóirí, a bhfuil an tAire Sláinte agus Leanaí freagrach as. Dá bhrí sin, níl Coiste Ainmniúchán ná Stiúrthóir Neamhspleách Sinsearach ag an mBord. Is Stiúrthóirí neamhspleácha neamhfheidhmeannacha iad Stiúrthóirí an Bhoird.

Bord na Stiúrthóirí

Tá gnó an Chathaoirligh agus an Phríomh-Fheidhmeannaigh scartha ó chéile agus is Stiúrthóirí Neamhfheidhmeannacha ar fad a chuimsíonn an Bord. Tá na Stiúrthóirí uilig ceaptha ag an Aire Sláinte agus Leanaí ar feadh tréimhse oifige cúig bliana.

Tá Coiste Iniúchta ceaptha ag an mBord, agus is iad atá ar an gCoiste ná triúr Stiúrthóirí Neamhfheidhmeannacha. Athbhreithníonn an Coiste Iniúchta na cuntais bhliantúla, ceisteanna maidir le stiúradh inmheánach agus comhlíonadh agus éifeachtacht an iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh. Tugann baill an Choiste Iniúchta aird do cheist an riosca freisin, chun a dheimhniú go bhfuil gnáthaimh bhainistíochta riosca agus prótacail tuairiscíochta oiriúnacha i bhfeidhm.

Tá Coiste Íocaíochta ceaptha chomh maith ag an mBord, agus is iad atá air ná triúr Stiúrthóirí Neamhfheidhmeannacha. Tá an coiste seo freagrach as iarrthóirí a mholadh do phostanna bainistíochta sinsearacha agus as polasaithe íocaíochta.

Tá gnáthaimh leagtha amach ag an mBord freisin maidir le comhairle phroifisiúnta neamhspleách a bheith ar fáil do Stiúrthóirí, agus tá glactha ag an mBord le sceideal ceisteanna a ndéanann an Bord go sonrach cinní fúthu. Tá teacht ag na Stiúrthóirí uilig ar chomhairle agus seirbhís an Rúnaí. Tagann an Bord le chéile go míosúil i rith na bliana.

Stiúradh Inmheánach

Chuir an Bord i bhfeidhm na moltaí ar Stiúradh Inmheánach: Treoracha do Stiúrthóirí ar an gCód Comhaontaithe (Treoracha Turnbull) a foilsíodh i mí Mhéan Fómhair 1999.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as córas stiúradh inmheánach an Bhoird agus as athbhreithniú ar a éifeachtacht. Dháil siad an fhreagracht do chur i bhfeidhm an chórais seo don Bhainistíocht Feidhmiúcháin. Soláthraíonn a leithéid de chóras cinnteacht réasúnta agus ní cinnteacht iomlán i gcoinne míthuairisce ábhartha nó cailliúint. Is iad seo a leanas príomhghnéithe an chórais:

- Tá polasaithe foirmiúla, gnáthaimh agus struchtúir eagraíochta i réim a thacaíonn le timpeallacht láidir smachta a choimeád.
- Mar chuid den straitéis ghnó, agus den phróiseas pleanála agus buiséid, tá anailís san áireamh ar na príomhrioscaí gnó a bhaineann leis an eagraíocht. Cuireann an Bord béim shuntasach ar mheasúnú ar riosca, agus is próiseas leanúnach é.

Tuarascáil na Stiúirthóirí

- Cuirtear ar fáil soláthar cuimsitheach eolais bhainistíochta agus táscairí feidhmiúcháin go tráthúil ar bhonn míosúil agus baintear feidhm chuige seo as sraith de chártaí scóir cothromaithe comhghaolmhara. Cuireann seo ar ár gcumas monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcomhthéacs aidhmeanna fadtéarmacha agus buiséid bhliantúla; agus luacháil ar threochtaí agus gníomhú i leith aon éagsúlachtaí. Ullmhaítear mionbhuiséid go bliantúil i gcomhthéacs pleananna straitéiseacha fadtéarmacha agus déantar athbhreithniú ar na pleananna go rialta.
- Tá modhanna cuntasáíochta ar taifead, tá timhriallacha gnó sainmhínithe, tá cláir ama cuntasáíochta leagtha amach go mion, tá uath-chomhéadain faoi rialú, tá próiseis athbhreithnithe agus réitigh curtha i bhfeidhm, tá dualgais scartha agus tá scrúdú ar theorainní údaráisithe. Tá cúram gach príomhdualgais dáilithe ar fhoireann oilte le seantaithí.

Thar ceann an Bhoird, rinne an coiste iniúchta athbhreithniú ar éifeacht na gcóras stiúrtha inmheánaigh, atá in úsáid don bhliain dár críoch 28 Feabhra 2004 agus go dtí dáta na tuarascála seo.

Gnó atá ar Siúl

Tá na cuntais ullmhaithe ar bhonn gnó atá ar siúl agus, de réir riachtanais an Chóid Chomhaontaithe, tuairiscíonn na Stiúirthóirí go bhfuil siad sásta gur gnó atá ar siúl é an Bord, agus go leor acmhainní aige chun leanúint ag feidhmiú sa todhchaí. Chun teacht ar an tuairim seo, tá athbhreithniú déanta ag na Stiúirthóirí ar bhuiséad an Bhoird don bhliain 2004/2005 agus ar na pleananna méantéarmacha mar atá leagtha amach i straitéis chorparáideach an Bhoird. Maidir leis seo, tá suntas le tabhairt do Nóta 9 sna Cuntais.

6. Íocaíocht na Stiúirthóirí

Tá leibhéal íocaíochta bhliantúla leagtha síos ag an Rialtas don Chathaoirleach agus do gach Stiúirthóir ag €15,237 agus €10,158 faoi seach. Ní fhaigheann na Stiúirthóirí aon íocaíocht eile ná níl aon chomhaontú seirbhíse ná conraí acu leis an mBord.

7. An tAcht um Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989

Tá polasáí sábháilteachta agus sláinte ag an mBord a thagann go hiomlán le riachtanais shonracha den Acht thuasluaite. Aithníonn an Bord an tábhacht dul i gcomhairle leis an bhfoireann faoi chursaí sábháilteachta, sláinte agus cúraim san áit oibre.

Tá áthas ar na Stiúirthóirí a thuairisciú nár tharla aon tionóisc chinniúnach d'aon bhall foirne ná do chuartheoirí ar a n-áitribh i rith na bliana.

8. An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tá an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh san áireamh ar liosta sceideal den Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997, mar cheannaitheoir earraí agus seirbhísí. Glacann na Stiúirthóirí gurb é a gcúram deimhin a dhéanamh, maidir le gach ábhar, le coinníollacha an Achta a chomhlíonadh. Is é cleachtas íocaíochta an Bhoird ná deimhin a dhéanamh de go n-íocfar sonraí socraithe atá líonta isteach i gceart d'earraí agus do sheirbhísí a soláthraíodh don Bhoird, laistigh den tréimhse íocaíochta atá leagtha síos. Tá gnáthaimh i bhfeidhm a thugann cinnteacht réasúnta i gcás nach gcomhlíontar forálacha an Achta go hábharach.

Tuarascáil na Stiúrthóirí


9. Leabhair Chuntas

Tá na Stiúrthóirí freagrach as deimhin a dhéanamh de go bhfuil Leabhair Chuntas á gcoimeád ag an mBord, agus baintear an méid seo amach tré fhoireann oiriúnach, cáilithe sa chuntasaíocht a fhostú, agus córas oiriúnach cuntasaíochta a choimeád. Tá na leabhair chuntas le fáil i gCeannáras an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.


10. Iniúcháirí

Leanann na hIniúcháirí Deloitte & Touche, Cuntasóirí Cairte, in oifig de réir Alt 19 (2) den Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957.

Thar ceann an Bhoird



Bernard Collins
Cathaoirleach



Pat Farrell
Stiúrthóir

8 Meitheamh 2004

Tuarascáil na nIníúcháirí

Tuarascáil na nIníúcháirí Neamhspleácha do Stiúrthóirí an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh.

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais an Bhoird Árachais Shláinte Shaorálaigh don bhliain dár críoch 29 Feabhra 2004. Áirítear orthusan an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas Sreafa Airgid Thirim, an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus nótaí gaolmhara 1 go 18. Réitíodh na cuntais seo de réir na bpolasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach iontu siúd.

Déantar an tuarascáil seo a thíolacadh do Stiúrthóirí Bhord an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh amháin, faoi réir Alt a 19 d'Acht an Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957. Rinneadh ár n-obair iniúcháireachta le go bhféadfaimis a chur in iúl do na Stiúrthóirí na gnóthaí úd, a bhfuil dualgas orainn a thuairisciú dóibh i dtuarascáil na n-iníúcháirí agus ní ar aon chúis eile. Chomh fada is atá ceadaithe de réir dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid freagracht orainn féin i leith éinne ach an Bord agus na Stiúrthóirí mar chomhlacht, as ár n-obair iniúcháireachta, as an tuarascáil seo ná as na tuairimí a bhaineamar aisti.

Dualgais na Stiúrthóirí agus na nIníúcháirí Faoi Seach

Mar atá leagtha amach sa Ráiteas ar Dhualgais na Stiúrthóirí, tá na Stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú, agus mar chuid de na dualgais úd, as na cuntais a ullmhú de réir dlí infheidhme agus chaighdeán chuntasaíochta na hÉireann. Tá ár ndualgais mar iniúcháirí neamhspleácha, bunaithe ag reachtaíocht in Éirinn, de réir na gcaighdeán iniúcháireachta atá fógraithe ag Bord na nGnáthamh Iniúcháireachta in Éirinn agus de réir treoracha eiticíúla ár ngairme.

Tuairiscímid daoibh ár dtuairim faoi cé acu an dtugann nó nach dtugann na cuntais léargas fíor agus cothrom.

Déanaimid athbhreithniú maidir leis an ráiteas ar rialachas corparáideach agus cé acu an léirítear ann comhlíonadh an Bhoird le seacht fhorála an Chóid Chomhaontaithe sainithe d'ár athbhreithniú ag na rialacha sin agus tuairiscímid muna ndéanann. Níl sé de dhualgas orainn tuairim a thabhairt ar éifeachtacht ghnáthaimh an Bhoird i leith rialachais chorparáidigh ná i leith stiúrtha inmheánaigh.

Léimid an t-eolas eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus scrúdaimid conas mar atá sé ag teacht leis na cuntais iniúchta. Áirítear leis an eolas eile Tuarascáil na Stiúrthóirí, agus an ráiteas ar Rialachas Corparáideach san áireamh ann, Athbhreithniú an Chathaoirigh, Athbhreithniú na nOibríochtaí agus tábla na dTorthaí Comparáideacha. Sa chás go bhfeictear dúinn aon mhíríteas a bheith iontu nó aon ábhar nach bhfuil ag teacht leis na cuntais, cuirimid a impleachtaí sin san áireamh agus ár dtuarascáil féin á réiteach. Nílimid freagrach as aon eolas eile.

Bunús Thuairim an Iniúchta

Rinneamar ár n-iníúchadh de réir na gcaighdeán iniúcháireachta a d'eisigh Bord na nGnáthamh Iniúcháireachta agus a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éirinn. Áirítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn trialach, ar fhianaise ábhartha a bhaineann leis na méideanna agus na tuairiscí a nochtáítear sna cuntais. Áirítear ann freisin measúnacht ar na meastacháin shuntasacha agus ar na breitheanna a thug an Bord le linn dó na cuntais a ullmhú mar aon le measúnacht i dtaobh oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta do chúinsí an Bhoird, agus faoi chur i bhfeidhm na bpolasaithe sin go comhréireach agus faoina nochtadh go leordhóthanach.

Rinneamar á n-iníúchadh a phleanáil agus a chur i gcríoch ionas go bhfaighfí an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheasamar a ba ghá chun fianaise leordhóthanach a sholáthar dúinn le go mbeadh cinnteacht réasúnta ann go bhfuil na cuntais saor ó mhíríteis ábhartha, cibé acu calaois nó mírialtacht nó earráid eile ba chúis leo. Le linn dúinn teacht ar ár dtuairim rinneamar meastóireacht freisin ar dhóthanacht iomlán na slí inar léiríodh an fhaisnéis sna cuntais.

Soláthairtí Teicniúla Eile – Cúlchiste Riosca Neamhchaite

Ar theacht ar ár dtuairim, scrúdaíomar an tsuim €50.8m atá áirithe i soláthairtí teicniúla eile agus an tuiscint ar a bhfuil an soláthar bunaithe. Scrúdaíomar freisin an méid a nochtáíodh i nóta 9 de na cuntais maidir leis an soláthar agus an dóchúlacht go mbeadh easnaimh ann amach anseo, rud a rachadh i gcionn go trom ar staid airgeadais an Bhoird. Toisc suntas na n-éiginnteachtaí a bhí le tuiscint sa soláthar agus maidir le dóchúlacht easnamh suntasach eile amach anseo araon, measaimid gur chóir na ceisteanna seo a chur ar bhur n-aire. Níl ár dtuairim cáilithe sa mhéid seo.

Tuairim

Is é ár dtuairim go dtugann na cuntais léargas atá fíor agus cothrom ar gnóthaí an Bhoird mar a bhí ar 29 Feabhra 2004 agus ar bharrachas an Bhoird don bhliain dár críoch an dáta sin.

Deloitte & Touche
Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe
Baile Átha Cliath
8 Meitheamh 2004

Polasaithe Cuntasaíochta

Bunús Ullmhúcháin

Tá na cuntais ullmhaithe de réir caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn, de réir Rialachán Chomhphobal na hEorpa (Gealltanais Árachais: Cuntasaíocht), 1996 agus de réir an Ráitis ar Chleachtas Inmholta Cuntasaíochta do Ghnó Árachais (SORP) mar ar ghlac an Association of British Insurers leis.

Seo leanas na príomhpholasaithe cuntasaíochta ar glacadh leo:

Bonn Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na cuntais faoi nósmaireacht an chostais stairiúil, maolaithe trí athluacháil a dhéanamh ar infheistíochtaí.

Préimheanna Scríofa

Séard atá sna hollphréimheanna scríofa ná an t-ioncam ó phréimheanna infhaighte ó bhaill i leith polasaithe a thosaíonn sa bhliain airgeadais.

Léiríonn préimheanna neamhthuillte comhréir na bpréimheanna scríofa i rith na bliana a bhaineann le téarma neamhchaite na bpolasaithe i bhfeidhm ag dáta an Chláir chomhardaithe, áirithe ar bhonn cionroinnt ama.

Éilimh Tharraingthe

Áirítear le héilimh tharraingthe éilimh agus costais ghaolmhara a íocadh i rithe na bliana agus athruithe soláthairtí i leith éileamh gan íoc, ina measc sin soláthairtí do chostas mheasta na n-éileamh tarraingthe ach nár tuairiscíodh mar aon le costais láimhseála ghaolmhara. Tá na soláthairtí d'éilimh gan íoc bunaithe ar bhonn áireamh achtúire a nglacann achtúirí comhairleacha an Bhoird, Watson Wyatt LLP, leo.

Rioscaí Neamhchaite

Tá soláthar déanta, ar bhonn eolais atá ar fáil ar dháta an chláir chomhardaithe, d'aon easnaimh fhrithgheallta mheasta atá gaolmhar le rioscaí neamhchaite taréis gach sochar infheistíochta a bhaineann leo a chur san áireamh.

Sócmhainní Inláimhsithe

Tá bunsócmhainní inláimhsithe luaite ar chostas lúide dímheas carntha. Tá áireamh ar an dímheas chun costas sócmhainní atá thar a dtréimhse mheasta úsáideach, a chur ar ceal ar bhonn líne dhíreach mar seo leanas:

Feithiclí gluaiste	4 bliana
Áiseanna ríomhaire agus bogearraí	4 bliana
Troscán, fearais agus áiseanna oifige	4 bliana

Tá caipitliú déanta ar chaiteachas a tarraingíodh ar fhorbairt chórais ríomhaireachta atá substaintiúil mar shuim agus a meastar buntáiste eacnamaíochta a bheith aige don Bhord ar feadh breis is bliana sa todhchaí, agus tá dímheas ar an gcaiteachas i rith na tréimhse a bhfuil súil leis na buntáistí eacnamaíochta a tharlú. Tá uasteora ceithre bliana leis an tréimhse seo. I gcás éiginnteachta i leith an bhuntáiste eacnamaíochta sa todhchaí, tá an caiteachas curtha de mhúirear ar an gcuntas loncaim agus Caiteachais.

Polasaithe Cuntasaíochta

Infheistíochtaí

Tá infheistíochtaí in urrúis liostaithe, chomh maith le hinfheistíocht i stoc rialtais agus i stoc atá faoi bhannaí rialtais, luaite ar luach an mhargaidh. Léiríonn luach an mhargaidh an lárphraghas margaidh lúide ús fabhráithe ag dáta an Chláir chomhardaithe. Tá réadú loncaim agus Caiteachais ar aistriú infheistíochta socraithe ar bhonn meánchostais agus tá taifead orthu sa chuntas loncaim agus Caiteachais.

Tá talamh agus foirgnimh luachálta go bliantúil ar bhonn luach an mhargaidh oscailte. Tá an luacháil déanta ag luachálaithe cáilithe proifisiúnta neamhspléach. Coinnítear gach maoin i seilbh an Bhoird i mbuanstaid shlándeisithe. Dá thoradh sin, measann na Stiúrthóirí go bhfuil saolta eacnamaíochta agus luachanna fuílligh na maoin seo sa riocht nach mbeidh aon dímeas suntasach orthu agus dá bhrí sin ní thugtar a leithéid.

Ioncam Infheistíochta

An tuiscint atá le hús ar stoic úis-shocraithe agus ar thaiscí bainc ná mar ioncam a tuilltear ar bhonn lá go lá. Tá ioncam ó chothromais curtha san áireamh ar bhonn díbhinní faighte i rith na bliana airgeadais.

Toradh Infheistíochta

Tugtar tuairisc ar an mbarrachas feidhmiúcháin ar bhonn toraidh infheistíochta fhadtréimhsigh. Tá áireamh ar an toradh infheistíochta fadtréimhseach bunaithe ar rátaí a mbíonn athbhreithniú orthu go bliantúil agus a léiríonn taithí stairiúil agus súilíocht reatha na Stiúrthóirí i leith toraidh infheistíochta. Tá an uanaíocht ghearrtréimhseach sa toradh infheistíochta, a léiríonn an difríocht idir an toradh fadtréimhseach agus an fíorthoradh, curtha san áireamh chun teacht ar bharrachas roimh cháin.

Tá dáileadh an toraidh infheistíochta ón gcuntas neamhtheicniúil go dtí an cuntas teicniúil bunaithe ar an toradh fadtréimhseach ar infheistíochtaí inchurtha i leith an ghnó árachais.

Costais Phinsean

Tá na costais a bhfuil súil leo chun pinsin a chur ar fáil d'fhostaithe, curtha de mhúirear ar an gcuntas loncaim agus Caiteachais, ag céadatán den phárolla atá leibhéalta go maith, thar thréimhse sheirbhíse mheasta na bhfostaithe. I gcás difríochta idir an costas seo agus an méid a chuirtear le ciste an phinsin, tá sé sin san áireamh mar sholáthar sna cuntais.

Taispeántar i nóta 18 na faisnéisithe atá riachtanach faoi réir socruithe sealadacha FRS 17: Deontais Scoir, don bhliain dár críoch 29 Feabhra 2004.

Iarchur Cánach

Tá iarchur cánach ar bhonn na ndifríochtaí ama idir barrachas inchánaithe an Bhoird agus a bharrachas mar atá luaite sna cuntais. Tá na soláthairtí déanta ag na rátaí cánach a bhfuil coinne leo a bheith i bhfeidhm sna tréimhsí a bhfuil coinne go n-iompóidh na difríochtaí ama.

CUNTAIS 04

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Bliain dár críoch Feabhra 2004


Cuntas Teicniúil: Árachas Sláinte

	Nótaí	2004	2003
Gníomhaíochtaí Leantacha		€'000s	€'000s
Préimh Thuillte	1		
Ollphréimheanna breactha		840,493	735,433
Athrú sa soláthar do phréimheanna neamhthuillte		(37,501)	(47,850)
		802,992	687,583
Toradh infheistíochta cionroinnte a aistríodh ón gcuntas neamhtheicniúil		24,890	21,737
		827,882	709,320
Éilimh Tharraingthe:			
Éilimh díolta		638,381	559,043
Athrú sa soláthar d'éilimh		24,943	36,126
		663,324	595,169
Soláthairtí teicniúla eile:			
Cúlchiste Riosca neamhchaite	9	15,641	19,871
Costais ghlana oibriúcháin	2	66,322	58,095
Fúilleach ar an gcuntas teicniúil árachais sláinte		82,595	36,185


Cuntas Neamhtheicniúil: Árachas Sláinte

	Nótaí	2004	2003
Gníomhaíochtaí Leantacha		€'000s	€'000s
Fúilleach ar an gcuntas teicniúil árachais sláinte		82,595	36,185
Toradh infheistíochta fadtéarmach	3	24,890	21,737
Toradh infheistíochta cionroinnte a aistríodh chuig an gcuntas teicniúil árachais sláinte		(24,890)	(21,737)
Barrachas oibriúcháin		82,595	36,185
Luaineachtaí gearrthéarmacha i dtoradh infheistíochta	3	(10,910)	2,947
Barrachas ar ghnáth-ghníomhaíochtaí roimh cháin		71,685	39,132
Cánachas ar bharrachas ar ghnáth-ghníomhaíochtaí	4	(9,379)	(5,308)
Barrachas ar ghnáth-ghníomhaíochtaí tar éis cánachais tugtha chuig cúlchistí	5	62,306	33,824

Ghlac an Bord leis na cuntais ar 8 Meitheamh 2004, agus síníodh thar a gceann iad ag:



Bernard Collins
Cathaoirleach



Pat Farrell
Stiúrthóir

CUNTAIS 04

Clár Comhardaithe


Mar a bhí ar 29 Feabhra 2004

Sócmhainní	Nótaí	2004 €'000s	2003 €'000s
Infheistíochtaí			
Talamh agus Foirgnimh	6	31,850	31,050
Infheistíochtaí airgeadais eile	7	604,202	481,637
Féichiúnaithe			
Féichiúnaithe ó bhaill de bharr feidhmiú árachais		332,269	309,018
Féichiúnaithe eile		521	1,503
Sócmhainní Eile			
Sócmhainní inláimhsithe	8	18,173	16,041
Airgead sa bhanc agus ar láimh		1,596	2,172
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe			
Ús fabhráithe		5,651	8,982
Iomlán na Sócmhainní		994,262	850,403


Fiachais

Cúlchistí			
Cúlchiste ginearálta		278,038	215,732
Soláthairtí Teicniúla			
Soláthar do phrémheanna neamhthuillte		395,414	357,913
Éilimh gan íoc		248,196	223,253
Soláthairtí teicniúla eile	9	50,791	35,150
Cánachas Iarchurtha	10	1,041	1,703
Creidiúnaithe			
Rótharraingt Bhainc		4,860	2,970
Creidiúnaithe agus Fabhráithe	11	15,922	13,682
Iomlán na bhFiachas		994,262	850,403

Ghlac an Bord leis na cuntais ar 8 Meitheamh 2004, agus síníodh thar a gceann iad ag:



Bernard Collins
Cathaoirleach



Pat Farrell
Stiúrthóir

CUNTAIS 04

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim

Bliain dár críoch Feabhra 2004

	Nótaí	2004 €'000s	2003 €'000s
Glaninsreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	12	143,289	103,600
Cánachas díolta		(10,513)	(5,825)
Caiteachas caipitil		(8,387)	(9,989)
		124,389	87,786
Mar seo a leanas a infheistíodh an sreabhadh airgid thirim			
Laghdú ar ghabháiltais airgid thirim		(2,466)	(22,088)
Glaninfheistíocht punainne	13&15	126,855	109,874
Glaninfheistíocht ar shreabhadh airgid thirim	14	124,389	87,786

CUNTAIS 04

Nótaí ar na Cuntais

1 Préimh thuillte

Is é príomhghnó árachais an Bhoird ná árachas sláinte agus tá an phréimh thuillte ag éirí go háirithe ón gcineál seo gnó. Is beag na suimeanna ó tháirgí coimhdeacha. Tá gach gnó a scríobhtar i bPoblacht na hÉireann.

2 Glanchostais oibriúcháin

	2004	2003
	€'000s	€'000s
Costais riaracháin	52,636	47,199
Costais éadála	13,686	10,896
	66,322	58,095

Eolas ar na Fostaithe

	2004	2003
Is é an meánlíon daoine, agus fostaithe páirtaimseartha san áireamh, a fhostaíonn an Bord ná:	763	727

B'iad na costais foirne ná:

	2004	2003
	€'000s	€'000s
Pá agus tuarastail	32,086	30,109
Costais leasa shóisialta	3,521	3,286
Costais phinsean	3,322	2,825

3 Toradh Infheistíochta

(a) Toradh Infheistíochta Fadtéarmach

Mar seo a leanas a áiríodh rátaí an toraidh infheistíochta ar a bhfuil an toradh infheistíochta fadtéarmach bunaithe

	2004	2003
	%	%
Talamh agus Foirgnimh	6.0	8.0
Scaireanna in urrúis liostaithe	7.5	7.5
Urrúis fhiachais/urrúis úis sheasta	4.5	5.0
Taiscíl le hinstitiúidí creidmheasa	3.0	3.5

(b) Comparáid idir toradh infheistíochta fadtéarmach agus toradh iarbhír

	2004	2003
	€'000s	€'000s
Toradh iarbhír		
Ioncam ó thalamh agus ó fhoirgnimh	169	214
Ioncam ó infheistíocht eile	18,383	17,571
Gnóthachan ar réadú infheistíochta	234	2,797
Gnóthachan neamhréadaithe/(cailiteanas) ar infheistíocht	(3,964)	4,720
Costais bhainistíocht infheistíochta	(842)	(618)
	13,980	24,684
Toradh infheistíochta fadtéarmach	24,890	21,737
Luaineacht ghearrthéarmach	(10,910)	2,947

Aistríodh méid iomlán an toraidh infheistíochta fadtéarmaí ón gcuntas neamhtheicniúil chuig an gcuntas teicniúil ar an mbonn go bhfuil cúlchiste an Bhoird níos ísle ná an leibhéal corrlach sócmhainneachta a mheastar a bheith inmhianaithe laistigh den tionscal árachais sláinte agus dá bhrí sin tá sé measta go bhfuil na cúlchistí ar fad ag cabhrú leis na soláthairtí teicniúla.

CUNTAIS 04

Nótaí ar na Cuntais

4 Cánachas

	2004 €'000s	2003 €'000s
Tá an táille chánachais sa chuntas ioncaim agus caiteachais áirithe mar seo a leanas		
Cánachas corparáideach - táille	10,041	2,533
Cánachas iarchurtha - (creidmheas)/táille	(662)	2,775
	9,379	5,308

Fachtóirí a bhaineann leis an táille chánachais reatha don tréimhse

Tá an cháin atá á gearradh don tréimhse níos airde ná an ráta cánach corparáideach caighdeánach in Éirinn, ag 12.5% (2003:15.47%), don bhliain dár críoch 29 Feabhra 2004.

Seo thíos míniú ar na difríochtaí:

	2004 €'000s	2003 €'000s
Barrachas ar ghnáth-ghníomhaíochtaí roimh cháin	71,685	39,132
Barrachas ar ghnáth-ghníomhaíochtaí méadaithe faoin ráta caighdeánach de cháin chorparáideach ag 12.5% (2003, 15.47%)	8,961	6,054
De thoradh		
Speansais neamh-asbhainteacha/ (asbhainteacha) ar chuspóirí cánachais	697	(514)
Dímheas de bhreis ar liúntais chaipitil don tréimhse	81	90
Ceartú ar tháille chánachais i leith tréimhsí roimh ré.	302	(3,097)

Táille chánachais reatha don tréimhse

10,041	2,533
---------------	--------------

5 Barrachas don bhliain

	2004 €'000s	2003 €'000s
Tá an barrachas don bhliain luaite tar éis na táillí seo a leanas a ghearradh:		
Dímheas de shócmhainní inláimhsithe seasta	5,780	5,950
Luach saothair an Bhoird	110	110
Táille iniúcháireachta	120	102

6 Infheistíocht: Talamh agus Foirgnimh

	2004 €'000s	2003 €'000s
Luacháil:		
Ag 1 Márta	31,050	30,822
Breiseanna	474	713
Gnóthachan/(caillteanas) ar athluacháil	326	(485)
Ag deireadh na bliana	31,850	31,050

Tá an talamh agus na foirgnimh atá san áireamh thuas sealbhaithe ag an mBord dá chuid ghníomhaíochtaí féin agus is ar bhonn rúilse atá a bhformhór.

Déanadh an talamh agus na foirgnimh a luacháil ag luach an mhargaidh oscailte ag 29 Feabhra 2004. B'iad Thornton & Partners, Hamilton Osborne King, Cunningham Auctioneers agus O'Keeffe Auctioneers a rinne na luachálacha seo.

Muna mbeadh athluacháil déanta ar an talamh agus ar na foirgnimh, chuirfí san áireamh iad de réir na suimeanna seo a leanas a léiríonn an t-íoschostas nó glanluach inréadaithe.

	2004 €'000s	2003 €'000s
Ag 1 Márta	15,763	15,049
Ag 29 Feabhra	16,237	15,763

CUNTAIS 04

Nótaí ar na Cuntais

7 Infheistíocht airgeadais eile

	2004	2004	2003	2003
	Luach	Costas	Luach	Costas
	Margaidh	Costas	Margaidh	Costas
	€'000s	€'000s	€'000s	€'000s
Scaireanna in urrúis liostaithe	3,277	3,000	2,622	3,000
Urrúis fhiachais/Urrúis úis sheasta	591,078	591,239	468,329	463,546
Íasachtaí urraithe ag morgáistí	165	165	188	188
Taiscí le hinstiúidí creidmheasa	9,682	9,682	10,498	10,498
	604,202	604,086	481,637	477,232

8 Sócmhainní Inláimhsithe

	Mótar- fheithiclí	Daingneáin troscáin agus feisteas	Trealamh ríomhaire & oifige	Iomlán
	€'000s	€'000s	€'000s	€'000s
Costas				
Ag 1 Márta 2003	2,070	4,284	33,854	40,208
Breiseanna	825	527	6,858	8,210
Diúscairtí	(557)	(25)	(326)	(908)
Ag 29 Feabhra 2004	2,338	4,786	40,386	47,510
Dímheas				
Ag 1 Márta 2003	(1,048)	(2,942)	(20,177)	(24,167)
Táille don bhliain	(572)	(656)	(4,552)	(5,780)
Díchurtha i leith diúscairthe	393	22	195	610
Ag 29 Feabhra 2004	(1,227)	(3,576)	(24,534)	(29,337)
Leabharluach glan ag 29 Feabhra 2004	1,111	1,210	15,852	18,173
Leabharluach glan ag 28 Feabhra 2003	1,022	1,342	13,677	16,041

Tá caiteachas ar chórais ríomhairí san áireamh le Trealamh ríomhairí, de shuim €10.96m (2003: €5.89m) a ndéanfar dímheas air nuair a usáidfead na sócmhainní.

CUNTAIS 04

Nótaí ar na Cuntais

9 Soláthairtí teicniúla eile

Tá an tsuim de €50,791,000, a bhfuil soláthar air ag 29 Feabhra 2004, ann i leith caillteanas réamh-mheasta ar chonarthaí arbh éigean don Bhord tosú nó athnuachaint orthu ag éirí as geallantas an Bhoird go mbeidh ardú praghais ar leibhéal áirithe i bhfeidhm ó 1 Meán Fómhair 2004 agus méaduithe réamh-mheasta ar chostas soláthar buntáistí cúraim shláinte. Tá coinne go dtarraingeófar na caillteanais seo sa tréimhse idir Meán Fómhair 2004 agus Lúnasa 2006. Léiríonn an táille de €15,641,000 an t-athrú sa soláthar thar an mhéid de €35,150,000 a cuireadh san áireamh sa Chlár Comhardaithe ag 28 Feabhra 2003.

Tógadh cinneadh faoin árdú praghais toisc an timpeallacht reatha maidir le hárachas sláinte, agus go háirithe an cinneadh a rinne an tÚdarás Árachais Sláinte i mí Aibreáin 2004 gan an Comhionannú Riosca a ghníomhú i ndiaidh a n-athbhreithnithe ar na chéad torthaí ó rannpháirtithe an mhargaidh do na sé mhí go dtí 31 Nollaig 2003. Tagann an t-ardú costais réamh-mheasta ó athruithe áirithe a bhfuil coinne leo sa timpeallacht chúram sláinte in Éirinn, go háirithe maidir le háiseanna suntasacha nua a bhfuil súil leo a bheith á n-oscailt.

Tá sé deimhnithe ag achtúirí comhairleacha an Bhoird, Watson Wyatt LLP gur meastachán réasúnta é ar na caillteanais ionchaise, suim an tsoláthair.

Níl aon soláthar déanta do bhreis chaillteanas a meastar a d'fhéadfadh tarlú i dtréimhsí amach anseo mar go dtuigtear nach bhfuil sé praiticiúil a leithéid de chaillteanas a mheas go hiontaoifa. Tárlóidh a leithéid de chaillteanas i dtimpeallacht ina mbeidh córas cistithe an phobalrátúcháin i bhfeidhm ar fud an mhargaidh gan Comhionannú Riosca. Bheadh tionchar trom ag a leithéid de chaillteanas ar staid airgeadais an Bhoird, agus an Bord ag breithniú go práinneach na himpleachtaí atá aige seo.

10 Cánachas Iarchurtha

Tá soláthar déanta i leith cánachais iarchurtha do na dífríochoitaí uainithe seo a leanas:

	2004	2003
	€'000s	€'000s
Barrachas neamhréadaithe ar luacháil infheistíochta	(14)	(651)
Dífríochoitaí uainithe eile	(1,027)	(1,052)
Soláthar iomlán	(1,041)	(1,703)

11 Creidiúnaithe agus fabhruithe

	2004	2003
	€'000s	€'000s
Cáin chorparáide	1,836	2,308
IMAT agus ASPC	911	751
Creidiúnaithe eile	2,245	1,058
Fabhruithe	10,930	9,565
	15,922	13,682

12 Réiteach barrachas oibriúcháin le glansreabhadh airgid thirim ó na gníomhaíochtaí oibriúcháin

	2004	2003
	€'000s	€'000s
Barrachas ar ghnáth-ghníomhaíochtaí roimh chánachas	71,685	39,132
Táillí dímheasa	5,780	5,950
Caillteanais/(gnóthachain) neamhréadaithe ar infheistíochtaí	3,964	(4,720)
Méadú i soláthairtí teicniúla árachais sláinte	78,085	103,847
Méadú ar fheichiúnaithe ó bhail de bharr oibríochtaí árachais	(23,251)	(38,863)
Laghdú/(méadú) ar fheichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí	4,313	(4,776)
Méadú/ (laghdú) ar chreidiúnaithe agus fabhruithe	2,713	3,030
Glanisreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	143,289	103,600

CUNTAIS 04

Nótaí ar na Cuntais

13 Gluaiseacht maidir le hoscailt is dúnadh infheistíochtaí punainne

	2004 €'000s	2003 €'000s
Eis-sreabhadh glan airgid thirim don tréimhse Infheistíochtaí punainne	(2,466) 126,855	(22,088) 109,874
Gluaiseacht de bharr sreabhadh airgid thirim.	124,389	87,786
Athruithe sna luachanna margaidh	(4,289)	5,205
Gluaiseacht iomlán sa phunann	120,100	92,991
Infheistíochtaí punainne agus airgead ar láimh ag 1 Márta	480,839	387,848
Infheistíochtaí punainne agus airgead ar láimh ag 29 Feabhra	600,939	480,839

14 Gluaiseacht airgid thirim agus infheistíochtaí punainne

	Ag 1 Márta 2003 €'000s	Sreabhadh airgid thirim €'000s	Athruithe ar luach margaidh €'000s	Ag 29 Feabhra 2004 €'000s
Airgead sa bhanc agus ar láimh	(798)	(2,466)	-	(3,264)
Scaireanna in urrúis liostaithe	2,622	-	655	3,277
Urrúis fhiachais agus urrúis úis sheasta eile	468,329	127,693	(4,944)	591,078
Iasachtaí urraithe ag morgáistí	188	(22)	-	166
Taisc le hinstitiúidí creidmheasa	10,498	(816)	-	9,682
	480,839	124,389	(4,289)	600,939

15 Anailís ar shreabhadh airgid thirim do theidil ghlanta sa ráiteas ar shreabhadh airgid thirim

	2004 €'000s	2003 €'000s
Infheistíochtaí punainne		
Ceannach scaireanna in urrúis liostaithe	-	3,000
Ceannach urrúis úis sheasta	1,603,530	1,165,895
Ceannach taisc le hinstitiúidí creidmheasa	822,342	561,794
Díol scaireanna in urrúis liostaithe	-	(428)
Díol urrúis úis sheasta	(1,475,837)	(1,050,906)
Díol taisc le hinstitiúidí creidmheasa	(823,158)	(569,440)
	126,877	109,915
Aisíocaíocht ar iasachtaí morgáiste	(22)	(41)
Eis-sreabhadh glan airgid thirim ar infheistíochtaí punainne	126,855	109,874

16 Ceangaltas Chaipitil

	2004 €'000s	2003 €'000s
Caiteachas caipitil ar chonradh	2,974	6,500
Caiteachas caipitil formheasta ach gan conradh	3,000	850

CUNTAIS 04

Nótaí ar na Cuntais

17 Faisnéisiú ar Pháirtithe Gaolmhara

Ní raibh aon idirbhearta ann le páirtithe gaolmhara a bhfuil sé riachtanach faisnéis a thabhairt orthu faoi réir Caidreamh Tuairiscíocht Airgeadais a 8.

18 Sochair Scoir

Feidhmíonn an Bord scéim phinsean le sochar sainithe. Tá sócmhainní na scéime á gcoimeád i gciste ar leith, faoi riar iontaobhaithe. Tá ranníocaíocht leis an scéim mar mhúirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais chun costas na bpinsean a leathadh thar saol oibre na bhfostaithe leis an mBord.

An múirear pinsin don bhliain ná €3,322,000 (2003: €2,825,000). Tá costas an phinsin cinntithe ag achtúire cáilithe neamhspleách, agus modh cistithe an aonaid chreidmheasa réamh-mheasta in úsáid. Déanadh an luacháil achtúireach ba dhéanaí ar 28 Feabhra 2003. B'iad na príomh-bhoinn tuisceana a úsáideadh sa luacháil achtúireach ná go sáródh torthaí infheistíochta ar mhéaduithe tuarastail de 1.75% agus ar mhéaduithe pinsinéirí de 2.75%.

An margadhluach a bhí ar shócmhainní na scéime nuair a déanadh an luacháil achtúireach ba dhéanaí, ar 28 Feabhra 2003, ná €49,600,000 agus b'ionann luach achtúireach na sócmhainní seo agus 81% de na sochair a bhí tagtha chuig na baill tar éis gur cuireadh méaduithe ionchais i dtuilliúntais agus i bpinsin sa todhchaí san áireamh. Méadaíodh ar an gcistiúchán ó 1 Bealtaine 2003 chun athruithe i ndálaí infheistíochta a léiriú agus dearbhaíonn an chomhairle achtúireach go bhfuil leibhéal na ranníocaíochtaí reatha atá iníochta leis an scéim, i dteannta le sócmhainní atá ann cheana, leordhóthanach chun sochair na mball a chur faoi úrrús i rith na mblianta seirbhíse ionchais ag na fostaithe atá rannpháirteach.

Tá na tuarascálacha achtúireacha ar fáil chun a scrúdaithe ag baill na scéime, ach níl siad ar fáil chun scrúdaithe poiblí. Tá fabhrú de €79,000 (2003: réamhíocaíocht €859,000) san áireamh sa Chlár Comhardaithe ag deireadh na bliana.

Faisnéisiú FRS 17

Tá na faisnéisithe atá riachtanach faoi na socrúithe idirthréimhseacha den FRS 17 "Sochair Scoir" áirithe ag achtúirí cáilithe neamhspleácha. I dteannta teidil pinsean, cuireann an Bord sochair áirithe i leith árachais sláinte ar fáil freisin do phinsinéirí. Tá na faisnéisithe maidir leis an scéim pinsean bunaithe ar an luacháil achtúireach iomlán is déanaí, ag 28 Feabhra 2003 agus í athchóirithe i leith 29 Feabhra 2004.

Is iad na príomh-bhoinn tuisceana a úsáidtear maidir leis an scéim pinsean ná:

2004	2003
%	%
Ráta ardú tuarastail	4.00
Ráta ardú pinsean mar íocaíocht	3.25
Ráta lascaine	5.25
Boilsciú a tuigeadh roimh ré	2.25

B'iad na rátaí ionchais i leith torthaí fadtéarmacha ná:

2004	2003
%	%
Gnáthscaireanna	7.50
Urrúis úis sheasta	4.50
Maoin	6.00
Eile	3.00

CUNTAIS 04

Nótaí ar na Cuntais

18 Sochair Scoir (ar lean)

B'iad na sócmhainní sa scéim phinsean ag margadhluach ná:	2004	2003
	€'000s	€'000s
Gnáthscaireanna	49,400	32,500
Urrúis úis sheasta	11,600	11,800
Maoin	4,100	3,600
Eile	1,100	1,700
Margadhluach iomlán na sócmhainní	66,200	49,600
Luach láithreach fhiachais na scéime	(86,800)	(62,600)
Easnamh sa scéim	(20,600)	(13,000)
Soláthairtí do phréimh árachais sláinte neamhchistithe	(5,700)	(4,500)
Easnamh i leith glan-sochar scoir	(26,300)	(17,500)
Sócmhainn ghaolta i leith iarchuir chánach	3,288	2,188
Fiachas i leith glan-sochar scoir	(23,012)	(15,312)
	2004	2003
	€'000s	€'000s
Iomlán na sócmhainní		
Iomlán na sócmhainní agus fiachas i leith sochar scoir as an áireamh	994,262	850,403
Fiachas i leith sochar scoir	(23,012)	(15,312)
Iomlán na sócmhainní agus fiachas i leith sochar scoir san áireamh	971,250	835,091
	2004	2003
	€'000s	€'000s
Cúlchistí		
Cúlchistí agus fiachas i leith sochar scoir as an áireamh	278,038	215,732
Fiachas i leith sochar scoir	(23,012)	(15,312)
Cúlchistí agus fiachas i leith sochar scoir san áireamh	255,026	200,420

CUNTAIS 04

Nótaí ar na Cuntais

18 Sochair Scoir (ar lean)

Dá mbeadh glactha go hiomlán le FRS 17, bheadh na suimeanna seo a leanas le feiscint sna ráitis airgeadais

	2004	2003
	€'000s	€'000s
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		
Mar mhúirear ar ghlanseansais oibriúcháin		
Costas seirbhíse reatha	1,500	1,300
Costas seirbhíse thart	-	-
Costas bháis le linn seirbhíse	-	-
Sochair scoir eile	1,200	700
Muirear iomlán oibriúcháin	2,700	2,000
Curtha do shochair ioncaim eile		
Ús i bhfiachais scéime	(3,800)	(3,400)
Toradh ionchais ar shócmhainní scéime	3,600	4,800
	(200)	1,400
Glanlaghdú ar bharrachas oibriúcháin	(2,900)	(600)
Ráiteas ar iomlán gnóthachain agus cailiteanais aitheanta		
Toradh iarbhíre lúide toradh ionchais ar shócmhainní scéime	8,800	(19,900)
Taithí ar ghnóthachain agus cailiteanais i bhfiachais scéime	(7,300)	4,500
Athruithe i mbonn tuisceana déimeagrafach agus airgeadais	(10,800)	(6,600)
Cailiteanas achtúireach	(9,300)	(22,000)
Creidmheas cánach iarchurtha	1,100	2,401
Iomlán cailiteanais achtúirigh	(8,200)	(19,599)
Stair thaithí ghnóthachan agus chailiteanas		
Difríocht idir toradh ionchais agus toradh iarbhír ar shócmhainní % de shócmhainní scéime	8,800 13%	(19,900) (40%)
Taithí ar ghnóthachain agus cailiteanais i bhfiachais scéime % d'fhiachais scéime	(7,300) (8%)	4,500 7%
Iomlán cailiteanais achtúirigh % d'fhiachais scéime	(9,300) (11%)	(22,000) (35%)
Gluaiseacht sa ghlanbharrachas i rith na bliana		
Glan-(easnamh)/bharrachas sa scéim ag tús na bliana	(15,312)	1,487
Costas seirbhíse reatha	(1,500)	(1,300)
Ranníocaíochtaí	3,400	3,400
Costas seirbhíse thart	-	-
Ús ar fhiachais scéime	(3,800)	(3,400)
Toradh ionchais ar shócmhainní scéime	3,600	4,800
Cailiteanas achtúireach	(9,300)	(22,000)
Creidmheas cánach iarchurtha	1,100	2,401
Sochair scoir eile	(1,200)	(700)
Glan-easnamh ag deireadh na bliana	(23,012)	(15,312)

SONRAÍ COMHLACHTA

Príomhbhaincéirí
Bainc Aontais Éireann ctp
Banc na hÉireann

Iniúcháirí
Deloitte & Touche

Aturnaetha
McCann FitzGerald

Achtúirí Comhairleacha
Watson Wyatt LLP

An Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh
Voluntary Health Insurance Board

Cill Chainnigh: Páirc Ghnó IDA, Purcellsinch, Bóthar BhÁC.
Baile Átha Cliath: Teach Vhi, Sráid na Mainistreach Íochtarach, BÁC 1.
Corcaigh: Teach Vhi, 70 An Meall Theas.
Dún Laoghaire: 35/36 Sráid Sheirse Íochtarach.
Gaillimh: Teach Vhi, 10 An Fhaiche Mhór.
Luimneach: Teach Gardner, Cé Shéarlait.

Oifigí ar Oscailt: 9rn – 5in Luan go hAoine.

Fón: **Sábháil Ghnó 1850 44 44 44**
Línte oscailte: 8rn – 8in Luan go hAoine
9rn – 2in Dé Sathairn

Facs:
Cill Chainnigh: (056) 7761741
Baile Átha Cliath: (01) 7994091
Corcaigh: (021) 4277901
Dún Laoghaire: (01) 2843076
Gaillimh: (091) 564307
Luimneach: (061) 310361

Suíomh idirlín: www.vhi.ie
R-phost: info@vhi.ie